

OIDEACHAS FAOI REILIGIÚIN AGUS FAOI CHREIDIMH (ORC) AGUS IN EITIC

DEARCTHAÍ MÚINTEOIRÍ, TUISMITHEOIRÍ AGUS AN PHOBAIL I
GCOITINNE AR AN GCURACLAM MOLTA BUNSCOILE — PÁIPÉAR
COMHAIRLIÚCHÁIN

MERIKE DARMODY, EMER SMYTH



Na hÚdair

Is Oifigeach Taighde leis An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta í An Dr Merike Darmody, chomh maith le bheith ina hOllamh Taca Cúnta le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Is Ollamh Taighde leis An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta í An tOllamh Emer Smyth, chomh maith le bheith ina hOllamh Taca le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Buíochas

Mhaoinigh An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta an staidéar seo.

Clár

Caibidil 1: Cúlra agus réasúnaíocht an staidéir

1.1	Réamhrá	1
1.2	Oideachas faoi reiligiún, faoi mhoráltacht agus faoi luachanna	3
1.3	Éire i gcomhthéacs athruithe sóisialta	6
1.4	Modheolaíocht agus bailiú sonraí	10
1.5	Sonraí agus cur chuige i leith anailísiú sonraí	12
1.6	Teorainneacha an staidéir	14

Caibidil 2: Torthaí an staidéir

2.1	Réamhrá	16
2.2	Aidhmeanna don churaclam san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic	
2.2.1	Dearcthaí oideachasóirí	16
2.2.2	Dearcthaí tuismitheoirí	23
2.3	Snáitheanna curaclaim	30
2.4	Scileanna agus meonta	33
2.5	Modheolaíochtaí agus straitéisí	36
2.6	Deiseasna agus dúshláin	
2.6.1	Deiseanna	37
2.6.1	Dúshláin	40
2.7	Conclúidí	42

Caibidil 3: Conclúidí agus impleachtaí do bheartas

3.1	Réamhrá	44
3.2	Príomhthorthaí	
3.2.1	Aidhmeanna an curaclaim	46
3.2.2	Scileanna agus meonta	47
3.2.3	Modheolaíochtaí agus straitéisí	48
3.2.4	Struchtúrú an curaclaim	48
3.2.5	Deiseanna agus dúshláin	49
3.3	Impleachtaí d'fheidhmiú an Oideachais faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic	50

Tagairtí	53
-----------------	-----------

Liosta na dTáblaí

Tábla 1.1	Cur chuige i leith oideachais reiligiúnaigh i scoileanna le tacaíocht stáit i dtíortha an AE	3
Tábla 1.2	Daonra de réir reiligiúin 2002	8
Tábla 1.3	Daonra de réir reiligiúin 2011	8
Tábla 1.4	Próiseas comhairliúcháin	11
Tábla 2.1	Braistintí oideachasóirí ar na haidhmeanna molta de réir cineál institiúide (aontú go láidir/aontú)	18
Tábla 2.2	Braistintí oideachasóirí ar na haidhmeanna molta de réir blianta taithí (aontú go láidir/aontú)	18
Tábla 2.3	Braistintí tuismitheoirí i leith aidhmeanna agus tuairimí cuí maidir le curaclam de réir cineál scoile ar a mbíonn a bpáistí ag freastal (aontú go láidir/aontú)	25
Tábla 2.4	Dearcthaí oideachasóirí i leith snáitheanna cuí le háireamh i gcuraclam d'ORC agus in Eitic de réir cineál institiúide (aontú go láidir/aontú)	31

Liosta na bhFigiúirí

Figiúr 2.1	Braistintí oideachasóirí ar na haidhmeanna molta (aontú go láidir/aontú)	17
Figiúr 2.2	Braistintí tuismitheoirí agus an phobail i gcoitinne i leith aidhmeanna agus tuairimí cuí maidir le curaclam d'ORC agus in Eitic (aontú go láidir/aontú)	25
Figiúr 2.3	Dearcthaí oideachasóirí i leith snáitheanna cuí le háireamh i gcuraclam d'ORC agus in Eitic (aontú go láidir/aontú)	31
Figiúr 2.4	Dearcthaí páirtithe leasmhara i leith scileanna and meonta cuí don churaclam molta (aontú go láidir/aontú)	34
Figiúr 2.5	Dearcthaí oideachasóirí i leith modheolaíochtaí agus straitéisí cuí (aontú go láidir/aontú)	36

Caibidil 1

Cúlra agus réasúnaíocht an staidéir

1.1 RÉAMHRÁ

Sa smaointeachas reatha ar fhoghlaím pháistí tugtar aird ar rannpháirtíocht páistí óga i raon suímh, caidreamh agus gníomhaíochtaí, trína shealbhaíonn siad scileanna, inniúlachtaí agus féiniúlachtaí (Valsiner, 2000). De réir Bruner (1961), is í aidhm an oideachais, ní hamháin eolas a thabhairt, ach freisin smaointeoireacht agus scileanna réitigh fadhbanna páiste a éascú, sa chaoi is gur féidir iad a thraschur go raon cúinsí eile. D'áitigh sé gur chóir go bhforbródh an t-oideachas smaointeoireacht shamhaltach ag páistí agus go gcruthófaí foghlaimeoirí féinriartha. Ar dtús i dtaighde ar fhorbairt mhorálta pháistí leagadh béim ar sheachadadh creidimh agus creidiúintí eile, ionann is gan bhriseadh, ó thuismitheoirí go páistí (féach Bader agus Desmond, 2006). Tá an líon staidéar ag dul i méid, áfach, a léiríonn tábhacht gníomhaireachta an pháiste féin, is í sin, an chaoi nár ghá go nglacfadh siad, fiú páistí óga, go neamhchriticiúil le creidiúintí a dtuismitheoirí, ach go bhforbraíonn siad tuiscint phearsanta ar chreideamh agus ar chreidiúintí i gcaidreamh le, ach gan a bheith cinntithe ag comhthéacs an teaghlaigh agus na scoile (Dillen, 2007; Hopkins et al., 2010; Boyatzis, 2009). Feictear go mbíonn páirt ag tuismitheoirí, ag siblíní, ag piaraí agus ag múinteoirí i bhforbairt tuisceana páistí de réir mar a nochtar cleachtas cultúrtha dóibh agus de réir mar a mhúintear scileanna agus bealaí nua dóibh le dul i ngleic leis an domhan (Rogoff, 1990; 2003). Ón bpeirspictíocht seo, faoi thionchar teorice soch-chultúrtha, tá tuiscint pháistí ar an domhan timpeall orthu, ar a bhféiniúlacht, ar a muintearas agus ar a moráltacht daingnithe ina bhforbairt agus ina bhfoghlaím níos leithne.

Ábhar mór díospóireachta is ea na rólí choibhneasta atá ag an mbaile agus ag an scoil i bhforbairt meonta páistí. Cé go bhféachtar ar fhorbairt dearchtaí, nósanna agus tréithe páiste mar fhreagracht tuismitheoirí go príomha (Katz, 1993), roinntear an cúram seo le hinstiúidí eile. Luaitear múnú morálta páistí, forbairt an pháiste ina iomláine agus cothú a gcuid tuisceana ar mhoráltacht, ar cheann d'aidhmeanna na scolaíochta foirmeálta (Lapsley, 2008; Wren, 2008). In Éirinn luaitear i gcuraclam na bunscoile go bhfuil sé: 'mar aidhm aige an páiste a chothú sna gnéithe uile dá s(h)aol—na gnéithe spioradálta, morálta, cognaíocha, mothúchána, samhlaíocha, aeistéitiúla, sóisialta agus fisiceacha' (ROS, 1999: 6). Is féidir le scoileanna tionchar a imirt ar fhorbairt carachtair páistí trí phlé ar luachanna i ranganna creidimh/moráltachta, trí eiseamláirí na múinteoirí agus tríd an idirchaidreamh i measc phobal na scoile (Nucci, 2001).

Tá an cheist faoin gcaoi inar féidir le scoileanna forbairt moráltachta agus eitice páistí a éascú tar éis a bheith ar an gclár beartais in Éirinn. Díriodh an dioscúrsa poiblí go príomha ar an gcineál pátrúnachta atá ag bunscoileanna in Éirinn. Sa bhliain 2011 bhunaigh Aire Oideachais na linne sin, An tUasal Ruairí Quinn, an Fóram ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas in Earnáil na Bunscoile. Lorg Grúpa Comhairliúcháin de chuid an Fhórait aighneachtaí ó thuismitheoirí, ó phátrúin, ó mhúinteoirí, agus ón bpobal i gcoitinne maidir le hathruithe struchtúracha in earnáil na bunscoile. Tar éis próiseas forleathan comhairliúcháin, sa tuarascáil le Coolahan et al. (2012) cáineadh an staid go raibh formhór na scoileanna fós ina scoileanna sainchreidmheacha, in ainneoin na n-athruithe a bhí tagtha ar an bpróifíl chreidimh agus ar fhairsinge an chleachtaidh reiligiúnaigh sa tsochaí in Éirinn. Ardaíodh ceisteanna freisin maidir le soláthar roghanna eile do pháistí gur baill a dtusmitheoirí de mhionlaigh chreidimh nó gur de chúlra neamhchreidimh iad. Sa chomhthéacs seo moladh sa tuarascáil go dtabharfaí isteach comhchuraclam do gach páiste bunscoile in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic. Mar thoradh ar an moladh seo chuaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta i mbun comhairliúcháin maidir le hábhar an churaclaim seo. Is éard a bhí i gceist leis an bpróiseas comhairliúcháin ná freagraí a lorg ó raon leathan páirtithe leasmhara i bhfórait éagsúla. Is aidhm don pháipéar comhairliúcháin seo anailísiú a dhéanamh ar na sonraí a ghin suirbhé ar líne a bhí dírithe ar oideachasóirí, ar thuismitheoirí agus ar bhaill den phobal i gcoitinne. Díritear sa pháipéar go sonrach ar na ceisteanna taighde seo a leanas:

- Cé chomh fada is a aontaíonn oideachasóirí, tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne leis na haidhmeanna molta don churaclam in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic?
- Cad iad na scileanna agus na meonta a mheasann oideachasóirí, tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne a chothóidh an curaclam in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic?
- Cé na modheolaíochtaí agus na cuir chuige is oiriúnaí a mheastar, chun an curaclam in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic a fheidhmiú?
- Ó thaobh beartais de, cén struchtúr is ceart don churaclam nua chun go soláthródh sé do dhaltaí na scileanna agus na meonta is gá chun go mbláthóidís i dtimpeallacht ina bhfuil ilchineálacht agus ilchultúrthacht ag dul i méid?
- Cad iad na dúshláin agus na deiseasna a thairgeann an curaclam molta d'earnáil na bunscoile?

Sa chuid eile den chaibidil seo cuirtear an anailís i gcomhthéacs peirspictíochtaí idirnáisiúnta ar oideachas faoi reiligiúin agus ar oideachas eitice (rannán a dó). I rannán a trí déantar cur síos ar Éirinn i gcomhthéacs athruithe sóisialta. Forléargas ar an modheolaíocht a úsáideadh agus ar an gcur chuige i leith bailiú sonraí atá tugtha i rannán a ceathair agus tugtar cur síos i rannán a cúig

ar an gcur chuige i leith anailísiú sonraí. Sa rannán deiridh tugtar breac-chuntas ar theorainneacha an staidéir.

1.2 PEIRSPICTÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA AR OIDEACHAS FAOI REILIGIÚIN AGUS AR OIDEACHAS EITICE

De thoradh traidisiún stairiúil éagsúil, go háirithe maidir le scaradh Eaglaise agus Stáit, tá an-éagsúlacht chóras ar fud na hEorpa. Soláthraítear oideachas reiligiúnach i roinnt tíortha mar chuid éigeantach den churaclam. Is ábhar roghnach é i dtíortha eile, nó ní dhéantar é a sholáthar ar chor ar bith. I dtíortha eile fós soláthraítear oideachas reiligiúnach le hoideachas eitice mar rogha (féach Tábla 1.1).

TÁBLA 1.1: CUIR CHUIGE MAIDIR LE hOIDEACHAS REILIGIÚNACH (OR) I SCOILEANNA LE TACAÍOCHT STÁIT I dTÍORTHA AN AE

Éigeantach	Roghnach	Cuir chuige comh-cheangailte	Eitic / luachanna mar rogha	Scar-rogha ¹ ar fáil	Glac leis go roghnach	Gan soláthar do OR
An Ostair An Chipir An Danmhairg An Fhionlainn An Ghearmáin An Ghréig Éire An Ísiltír An tSualainn An Ríocht Aontaithe	An Ungáir An Iodáil An Laitvia Málta An Pholainn An Rómáin An tSlóvaic An Spáinn An Eastóin	An Bheilg An Liotuáin Lucsamburg An Phortaingéil	An Bheilg An Fhionlainn An Ghearmáin An Iodáil An Liotuáin	An Ríocht Aontaithe Éire Málta An Bheilg An Ísiltír An Phortaingéil An Pholainn	An Eastóin An Ungáir An Laitvia An Liotuáin	An Fhrainc An tSlóivéin

Foinse: Eurydice

Sa Fhrainc níl Oideachas Reiligiúnach ann mar ábhar; déantar plé ar cheisteanna gaolmhara a chomhtháthú le hábhair eile. Ó thaobh cur chuige de bíonn bealaí comhcheangailte in úsáid ag cuid mhór tíortha (féach freisin Grayson et al., 2014). Cé go mbíonn difríochtaí i soláthar Oideachais Reiligiúnaigh (OR) i gcórais dhifriúla oideachais, bíonn éagsúlacht freisin sna cuir chuige a úsáidtear i leith Oideachais Reiligiúnaigh (OR).² Grimmitt (1987) a d'ídirdhealaigh foghlaim ó reiligiún agus foghlaim faoi reiligiún den chéad uair, agus cuireadh leis ag teoiricthe eile ó shin (féach Avest et al., 2009). San fhoghlaim i reiligiún claontar an bhéim i dtreo cothú creidimh; san fhoghlaim ó reiligiún déantar naisc le taithí agus le heispéireas an pháiste féin; agus san fhoghlaim faoi reiligiún cuirtear ar chumas an pháiste foghlaim ní hamháin faoin reiligiún ceannasach, ach faoi reiligiúin agus faoi chreidiúintí eile chomh maith (féach Halsall agus Roeben, 2010 le haghaidh plé ar chuir chuige éagsúla i bhforbairt ghairmiúil oidí sa chomhthéacs seo;

¹ De réir an dlí is féidir le tuismitheoirí scar-rogha a dhéanamh dá bpáiste maidir le haon ábhar atá in éadan a gcoinsiasa féin, nó in éadan choinsias an mhic léinn sa chás go bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe ag an mac léinn sin.

² Tá sé thar scóip na tuarascála seo sainplé a dhéanamh ar ábhair na gclár seo i dtíortha na hEorpa. Le haghaidh tuilleadh plé féach Pepin, L. (2009), http://www.nef-europe.org/wp-content/uploads/2013/03/Teaching-about-religion_NEF-RelDem-RELIGION-EDUCATION-Final.pdf

CNCM, 2015). An chaoi ina gcóiríonn córais oideachais forbairt mhorálta agus reiligiúnach pháistí, a chothaíonn saincheistean éagsúla do mhionlaigh chreidimh, do thromlaigh chreidimh, agus dóibh siúd gan chreideamh (Tinker agus Smart, 2012). I gcórais oideachais ina ndíríonn scoileanna ar ‘fhoghlaím faoi reiligiún’ seachas ar chothú creidimh, meastar gur lú an teannas a mhothódh mionlaigh chreidimh agus lucht neamhchreidimh faoi shaincheistean reiligiúnacha. Bunúsach don aidhm oideachas a chur ar dhaltaí faoi reiligiúin agus faoi chreidiúintí, tá oideachas saoránach agus síochána, oideachas caoinfhulaingthe agus eitice, chomh maith le hoideachas domhanda agus traschultúrtha. Tairgeann na bealaí seo cuir chuige éagsúla i gcothú tuisceana faoi ‘mhaireachtáil ar scáth a chéile’ i sochaithe ilchultúrtha.

Le blianta beaga anuas tá dhá threocht fhrithchúiteacha tagtha chun cinn i mórán tíortha san Eoraip: dí-eaglaisiú agus forás i líon na ndaoine a chláraíonn le sainghrúpaí reiligiúnacha (Evans agus Evans, 2008; Davie, 2006). Baineann an feiniméan seo i bpáirt le hinimirce, ach freisin le hathruithe i ndearcthaí daoine ar reiligiún eagraithe (Casanova, 2004). Anuas air sin tá na teannais shóisialta atá ag teacht chun cinn i roinnt tíortha Eorpacha tar éis aird a tharraingt ar an ngá le beartais a dhíriú ar shochaithe fulangacha a chruthú agus a chothú, ina bhfuil meas ag daoine ar a chéile agus iad sásta maireachtáil ar scáth a chéile i suímh shóisialta a bhfuil a n-éagsúlacht ag dul i méid.

Go nuige seo tá an plé tar éis díriú ar dhá shaincheist: ról scoileanna sainchreidimh agus an tábhacht le luachanna pobail a chur chun cinn. Ábhair chonspóide atá ag dul i méid is ea ról na scoileanna sainchreidimh i sochaithe ilchultúrtha agus soláthar oideachais reiligiúnaigh. Cén cur chuige is fearr a luíonn le sochaithe éagsúla, ilchultúrtha? Seo ceist atá á plé níos mó ar fud na hEorpa agus i gcéin. Tá taighde déanta freisin ar ról na scoile maidir le tuismitheoirí. Is é an baile an phríomháit le haghaidh sóisialú páistí. Go traidisiúnta múineadh reiligiún, moráltacht agus luachanna le páistí sa bhaile, chomh maith le hinstiúidí foirmiúla reiligiúnacha. In Éirinn rinneadh forbairt mhorálta agus spioradálta i bhfoirm cláir Pátrúin.³ Tagraíonn taighde idirnáisiúnta do cheangal láidir idir creidiúintí agus cleachtais tuismitheoirí agus iad siúd dá bpáistí. Cé go leagann roinnt staidéar béim ar an tuairim go ndéantar creidiúintí ‘a sheachadadh’ ó tuismitheoirí go páistí, tá sé tábhachtach a nótáil gur gníomhaithe sóisialta iontu féin iad na páistí, arbh fhéidir leo a dtuairimí agus a ndearcthaí féin a fhorbairt maidir le creidiúintí, fiú agus iad sách óg (Smetana, 1981; Smyth et al., 2013).

Tá comhdhearcadh sochaíoch ann gur chóir meonta agus luachanna inmhianta a thabhairt do pháistí, ach díospóireacht leathan maidir leis an tsainbhír a bhaineann leis sin agus cé na gnéithe is láidre a mhúnláíonn dearcthaí agus nósanna páistí. Cruthaíodh go dtacaíonn caidreamh idir tuismitheoir agus páiste atá lách, comhbhách agus mothálach, le forbairt dea-thréithe carachtair,

³ Tá ról nach beag ag Pátrúin sa chóras oideachais in Éirinn maidir le soláthar oideachais reiligiúnaigh ó bunaíodh an córas bunscolaíochta. Tugtar 2.5 uair sa tseachtain do gach pátrún chun clár a theagasc, clár atá curtha le chéile acu féin agus a dhaingníonn sainéiteas a scoileanna (CNCM, 2015). Le haghaidh eolais bhreise féach: <http://www.ncca.ie/en/Publications/Reports/Overview-ERBE.pdf>

chomhthuisceana agus chaoinfhulaingthe (Berkowitz, 2000). Is gá a aithint arís anseo tábhacht gníomhaireachta an pháiste féin sa phróiseas. An tuairim seo faoi pháistí mar ghníomhaithe i bhforbairt mheonta agus dearchaí, tá a scáth le fáil sa taighde atá ag teacht chun cinn agus sa litríocht bheartais ar chearta páistí (féach Clark, 2003). Déanann roinnt údar argóint, de bharr athruithe ar nósanna is ar struchtúir theaghlaigh agus ar thógáil chlainne, chomh maith le níos lú ama caite le chéile ag teaghlaigh mar aonad clainne, go mbíonn níos lú ama ag tuismitheoirí plé a dhéanamh le páistí maidir le forbairt mhorálta agus charachtair, chun aimhleas na bpáistí (Popenoe, 1998). Léirítear i staidéir eile, áfach, go bhfuil méadú san am a chaitheann tuismitheoirí lena bpáistí, go háirithe dlúth-am ‘fiúntach’, i mórán tíortha (Gauthier et al., 2004; Bianchi, 2000), rud a thugann le fios go bhfuil ról na dtuismitheoirí i sóisialú morálta páistí fós in uachtar.

Léiríodh sa tionscnamh, *Religion in Education: A Contribution to Dialogue or a Factor of Conflict in Transforming Societies of European Countries* (REDCo) (Jackson, 2012)⁴, go raibh tacaíocht i measc daoine óga d’oideachas faoi ilchineálacht reiligiúnach (mar shampla ranganna faoi reiligiúin dhomhanda). Taispeánadh sa taighde seo gur féidir staidéar a dhéanamh ar ilchineálacht eitice/mhorálta, idir ilchineálacht reiligiúnach agus neamhreiligiúnach, gan baint de chreidiúintí na mac léinn féin agus fiú go bhféadfadh sé cultúr comh-mhaireachtála a chothú. Dhírigh REDCo ar dhearchaí déagóirí, ach sa staidéar *Religious Education in Multicultural Societies* (REMC) (féach Smyth et al., 2013) bailíodh eolas ó pháistí bunscoile. Léiríodh sa staidéar REMC freisin, cé go raibh nasc láidir idir dearchaí tuismitheoirí agus a bpáistí, fós d’fhéadfadh go mbeadh dearchaí páistí éagsúil óna dtuismitheoirí agus fiú nuair a shainmhínigh siad iad féin de réir creidiúintí a dtuismitheoirí, ghlac siad cur chuige ina leith a bhí pearsantaithe dóibh féin. Léiríodh sa taighde seo i mbunscoileanna na hÉireann⁵ na cuir chuige éagsúla maidir le hoideachas reiligiúnach agus morálta (ORM) i gcineálacha éagsúla scoileanna. Taispeánadh go raibh sé níos éadóiche go múinfi dóibh siúd ag freastal ar scoileanna Caitliceacha faoi chreidimh eile, taobh amuigh dá gcreideamh féin. Léiríodh go raibh an chuma ar an scéal gur bhain páistí taitneamh as ranganna a dhírigh ar oideachas reiligiúnach agus/nó ar oideachas morálta, beag beann ar a riocht, mar gur thaitin an t-ábhar leo (go háirithe na ‘scéalta’) agus an mhodheolaíocht níos idirghníomhaí a úsáideadh. D’úsáid múinteoirí i roinnt scoileanna, áfach, an cur chuige traidisiúnta ‘cailc is caint’. De réir an staidéir, cé go raibh roinnt páistí cáinteach faoin gcur chuige a glacadh maidir le ORM, léirigh tromlach mór díobh go nglacfaidís leis an ábhar, fiú dá mbeadh sé roghnach. Tá taighde eile ann, a rinneadh san Eoraip agus in Éirinn (Jackson, 2012; Darmody et al., 2014), a léiríonn go dteastaíonn ó mhórán daoine óga an deis a fháil chun

⁴ Ba í príomhaidhm an tionscnaimh seo ná comparáid a dhéanamh idir acmhainneacht agus teorainneacha reiligiúin in earnálacha oideachais i rogha tíortha agus réigiúin na hEorpa. Bhí an tionscnamh dírithe ar chuir chuige agus ar bheartais a aithint, a fhéadfadh cur le cothú reiligiúin san oideachas mar thoisc i gcur chun cinn idirphlé i gcomhthéacs fhorbairt na hEorpa. Bunaíodh é ar dhearchaí déagóirí maidir le múineadh faoi ilchineálacht reiligiúnach sna hocht dtír – An Eastóin, An Rúis, An Iorua, An Ghearmáin, An Ísiltír, An Fhrainc, Sasana agus An Spáinn.

⁵ Bhain an staidéar le páistí ó rang a sé (in aois 11-12).

labhairt agus foghlaim ar scoil faoi reiligiún agus faoi chreidiúint. Measann siad gur áit fhéideartha shábháilte í an seomra ranga dá leithéid agus tá meas acu ar mhúinteoirí sciliúla a bhfuil ar a gcumas eolas cruinn a sholáthar agus díospóireacht a riaradh araon, go háirithe agus difríochtaí suntasacha ó thaobh dearcthaí i gceist, daonnachas saolta agus fealsúnachtaí neamhreiligiúnacha eile san áireamh.

1.3 ÉIRE I gCOMHTHÉACS ATHRUITHE SÓISIALTA

Le blianta beaga anuas tá bunathrú tagtha ar an tsochaí in Éirinn, ó cheann a bhí den chuid is mó aonchineálach ó thaobh cultúir agus reiligiúin de, go ceann atá níos ilchineálaí, le hathrú freisin ar chreidimh agus ar chleachtais reiligiúnacha an phobail dhúchais. Cothaíonn an t-athrú seo dúshlán do chóras oideachais atá eagraithe in Éirinn ar bhonn sainchreidmheach go príomha. Cé go soláthraíonn an Stát bunoidreachas saor in aisce, is eagraíochtaí pátrúnachta a bhunaigh na scoileanna agus is iad a shonraíonn éiteas na scoile agus a cheapann an bord bainistíochta a riarann an scoil ó lá go lá. Tá formhór mór (96%) de bhunscoileanna in Éirinn faoi úinéireacht agus faoi phátrúnacht shainchreidmheach agus tá thart ar 90 faoin gcéad de na scoileanna seo faoi phátrúnacht na hEaglaise Caitlicí. Sa bhliain 2011, bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna sainghrúpa le dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus le teacht ar aghaidh le moltaí ar conas bunscoileanna a dhéanamh níos uileghabhálaí ó thaobh traidisiún, reiligiún agus creidiúintí difriúla de. I mí an Mheithimh 2012, mar chuid dá fhreagra ar mholtaí na tuarascála sin (féach Coolahan et al., 2012), chuir an tAire próiseas eile ar bun chun féachaint ar na féidearthachtaí, riaradh roinnt scoileanna a aistriú ón Eaglais Chaitliceach go heagraíochtaí pátrúnachta eile timpeall na tíre. Tar éis dul i gcomhairle le pobail scoileanna, iarradh ar na pátrúin réimse roghanna a sholáthar don Roinn Oideachais agus Scileanna maidir lena bpátrúnacht a chur i leataobh. Ón am go raibh an Fóram ann tá cinntí glactha pátrúnacht a athrú ach tá an próiseas an-mhall. Úsáideadh suirbhéanna ar thuismitheoirí páistí réamhscoile d'fhonn an t-éileamh ar chineálacha éagsúla scoileanna a mheas. Formhór na scoileanna nua a bunaíodh tá éiteas ilchreidmheach acu de thoradh éileamh tuismitheora.

Mhol an Grúpa Comhairleach (Coolahan et al., 2012) athbhreithniú a dhéanamh ar réamhrá Churaclam na Bunscoile le cinntiú go ndéanfaí soláthar go múinfí sainchreideamh/foirmiú creidimh mar ábhar scoite, cé go leanfar leis an gcuraclam ginearálta a bheith comhtháite. Faoi láthair tá ceart ag tuismitheoirí faoin dlí, scar-rogha a dhéanamh dá bpáistí maidir le ranganna in oideachas reiligiúnach. De réir tuarascála ó Chomhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha: '... the manner in which such an opt-out is facilitated is related to available resources. According to the Irish Catholic Bishops' conference, schools are committed to facilitating parents in this regard, but they can only do so as resources are made available so that the school complies with its own policies on curriculum, supervision and child safeguarding' (CSP, 2015:17).⁶ Léirítear i dtaighde

⁶ Féach: <http://www.catholicbishops.ie/wp-content/uploads/2015/03/Catholic-Primary-Schools-in-a-changing-Ireland-Sharing-Good-Practice-on-Inclusion-of-All-Pupils.pdf>

reatha, áfach, go bhféadfadh cleachtas mar seo cur le cleachtas idirdhealaithe – aird a tharrangt ar dhifríochtaí idir páistí (Smyth agus Darmody, 2010). Bhí an Grúpa Comhairleach den tuairim go bhfuil sé de cheart ag gach páiste Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic a fháil agus go bhfuil an fhreagracht ar an Stát a chinntiú go soláthraítear sin (Coolahan et al., 2012).

Faoi láthair déanann an Roinn Oideachais agus Scileanna rangú ar bhunscoileanna, mar atá, scoileanna sainchreidmheacha, scoileanna idirchreidmheacha agus scoileanna ilchreidmheacha, ag tairiscint oideachais trí mheán an Bhéarla, nó trí mheán na Gaeilge. Is féidir na catagóirí seo a shainmhíniú mar seo a leanas:

Pátrúnacht shainchreidmheach: Scoil faoi phátrúnacht phobail d’aon reiligiún amháin. Soláthraíonn scoil mar seo oideachas de réir traidisiún, cleachtas agus creideamh an tsainphobail reiligiúnaigh. D’fhéadfadh scoil mar seo oideachas reiligiúnach níos leithne a sholáthar mar áis do thuismitheoirí/chaomhnóirí ó thraidisiúin chreidmheacha eile d’fhonn iad a chumasú oideachas reiligiúnach a sholáthar de réir a gcreidimh féin.

Pátrúnacht idirchreidmheach: Scoil faoi phátrúnacht nó faoi iontaobhas a bhaineann le níos mó ná aon phobal creidmheach amháin. Soláthraíonn scoil mar seo deiseanna do chineálacha éagsúla oideachais reiligiúnaigh.

Pátrúnacht ilchreidmheach: In Éirinn áirítear dhá chineál bunscoileanna sa chatagóir seo do scoileanna ilchreidmheacha:

- Scoileanna nach soláthraíonn oideachas reiligiúnach mar fhoirmiú i rith an lá scoile, ach a sholáthraíonn oideachas faoi reiligiúin agus faoi chreidiúintí. Más mian leo is féidir le thuismitheoirí/chaomhnóirí oideachas sainchreidmheach a eagrú sna scoileanna seo taobh amuigh d’am scoile.
- Scoileanna a sholáthraíonn oideachas faoi reiligiúin, ach freisin a sholáthraíonn roinnt foirmithe creidimh do shainchreidimh éagsúla, ag brath ar éileamh thuismitheora, le linn an lá scoile ar feadh tréimhse de 3 nó 4 seachtaine.

Le blianta beaga anuas tá méadú tagtha ar dhaonra neamh-Chaitliceach na hÉireann, de thoradh fáis i líon na ndaoine a thuairiscíonn ‘gan reiligiún’, chomh maith le méadú i líon na n-inimirceach le creidimh dhifriúla (féach Táblaí 1.2 agus 1.3).

Léirítear i dtorthaí na ndaonáireamh in Éirinn ó 2002 go 2011, cé gur tháinig méadú ar líon na ndaoine a thuairiscigh mar Chaitlicigh Rómhánacha, laghdaigh an céatadán ó 88 go 85 faoin gcéad. Tháinig méadú suntasach ar an gcatagóir ‘gan reiligiún’, ó 3.5 faoin gcéad i 2002 go 5.7 faoin gcéad i 2011.

TÁBLA 1.2: DAONRA DE RÉIR REILIGIÚIN (POS 2002)

	POS 2002 ⁷	
	Gach aois, comhaireamh	Gach aois, céatadán
Caitliceach Rómhánach	3,462,606	88.0
Eaglais na hÉireann (Protastúnach san áireamh)	115,611	3.0
Reiligiún eile Críostaíochta	21,403	0.5
Preispitéireach	20,582	0.5
Ioslamach	19,147	0.5
Ceartchreidmheach (Gréagach, Coptach, Rúiseach)	10,437	0.3
Modhach, Meitidisteach Wesley	10,033	0.3
Reiligiún eile luaite	40,026	1.0
Gan reiligiún	138,264	3.5
Neamhráite	79,094	2.0

Foinse: Táblaí idirghníomhacha ón bPríomh-Oifig Staidrimh; nótaíl: tá na céatadáin slánaithe

TÁBLA 1.3: DAONRA DE RÉIR REILIGIÚIN (POS 2011)

	POS 2011 ⁸	
	Gach aois, comhaireamh	Gach aois, céatadán
Caitliceach Rómhánach	3,831,187	85.0
Eaglais na hÉireann, Eaglais Shasana, Anglacánach, Easpagóideach	124,445	3.0
Ioslamach	48,130	1.0
Ceartchreidmheach (Gréagach, Coptach, Rúiseach)	44,003	1.0
Reiligiún eile Críostaíochta	39,652	1.0
Preispitéireach	22,835	0.5
Aspalda nó Eaglais Chincíseach	13,876	0.3
Reiligiún eile luaite	75,655	1.7
Gan reiligiún	256,830	5.7
Neamhráite	68,668	1.5

Foinse: Táblaí idirghníomhacha ón bPríomh-Oifig Staidrimh; nótaíl: tá na céatadáin slánaithe

⁷ Daonra iomlán i 2002: 3,917,336

⁸ Daonra iomlán i 2011: 4,588,252.

Ag an am céanna, tháinig laghdú ar chráifeachas (freastal ar sheirbhísí) i measc an phobail de réir an Staidéir Luachanna Eorpacha⁹ (Breen agus Reynolds, 2011). Leanann patrúin creidimh páistí in aois scoile treocht an phobail i gcoitinne agus mar sin tá impleachtaí ann don mheascán creidimh i measc páistí in earnáil na bunscoile. Cé gur féidir le tuismitheoirí scar-rogha a dhéanamh maidir le hoideachas reiligiúnach, má ghlacann siad leis an rogha seo d'fhéadfadh sé béim a chur ar an difríocht idir a bpáistí agus a bpiaraí. Ar an ábhar sin d'fhéadfadh tuismitheoirí géilleadh don *status quo* chun nach n-aibhseofaí na difríochtaí (Smyth agus Darmody, 2011).

Aithníodh ó thaighde cheana gur suíomh tábhachtach í an scoil chun caoinfhulaingt ar éagsúlacht a fhoghlaim (Smyth, Lyons agus Darmody, 2013). Is féidir le scoileanna, ach go háirithe, cabhrú le daltaí braistintí dearfacha ar éagsúlacht a fhorbairt trí dheiseanna caidrimh, idir dheiseanna foirmiúla agus deiseanna neamhfhoirmiúla, a sholáthar (Darmody agus Smyth, 2015). Le roinnt réimsí den churaclam éiríonn deiseanna plé a dhéanamh ar thopaicí ábhartha d'éagsúlacht, do mhoráltacht agus do luachanna, mar shampla, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPC). Is féidir léargais thábhachtacha a fháil ar chultúir eile trí pháirt a ghlacadh i ngrúpgníomhaíochtaí éagsúla mar spórt (féach Hertting agus Karlefors, 2013 ar an gcomhthéacs sa tSualainn). Sa bheartas oideachais díríodh ar an ngá le héagsúlacht a chur chun cinn agus tacú léi, trí threoirínte maidir le hoideachas idirchultúrtha, fréamhaithe i gcomhionannas agus i gcearta daonna, a chumadh. Sna treoirínte maidir le hOideachas Idirchultúrtha, a d'eisigh an CNCM i 2006, tá sé soiléir go bhfuil an cur chuige 'foghlaim faoi reiligiún' á chur chun cinn. Srianann struchtúr reatha na mbunscoileanna in Éirinn leis an gcur chuige caiticeasmach na féidearthachtaí chun oideachas idirchultúrtha a chur chun cinn ar bhealach gníomhach (Smyth agus Darmody, 2011).

Tá mí-oiriúint idir próifíl éagsúlachta an phobail, atá ag dul i méid, agus cinseal na scoileanna Caitliceacha a leagann béim ar fhoirmiú creidimh agus cuireann seo leis an bhféidearthacht go n-éireodh teannas idir baile agus scoil maidir le creideamh agus le forbairt carachtair páistí, mar nár ghá go mbeadh an cultúr agus na luachanna céanna ag múinteoirí agus ag tuismitheoirí (Darmody et al., 2014). Agus na treochtaí seo faoi chaibidil, tá an cheist faoi reiligiún agus faoi fhéiniúlacht chreidiúna ag éirí níos tábhachtaí ó thaobh an oideachais agus na polaitíochta de, mar atá an cheist faoi shamhlacha éagsúla d'oideachas morálta agus eitice.

I dtíortha trasna na hEorpa tá difríochtaí sa mhéid tacaíochta a thugtar d'éagsúlacht agus an méid a dhéantar in aghaidh leithcheala. Le déanaí i suirbhé Eorabharaméadair¹⁰ (2015), léiríodh go raibh leithcheal forleathan in dhá réimse, ach go háirithe: bunadh eitneach agus reiligiún nó

⁹ Tionscnamh uile-Eorpach is ea an Staidéir Luachanna Eorpacha a bhaineann úsáid as ollsuirbhé a dhíríonn ar na luachanna a bhaineann le saothar, le reiligiún, le cineál saoil agus ceisteanna eile. Bailíodh sonraí go deireanach i 2008, don cheathrú huair. Díritear sa staidéir seo ar na luachanna reiligiúnacha in Éirinn atá ag athrú thar thréimhse an SLE (1981-2008) agus scrúdaítear an méadú ar shaoltachas agus an laghdú mear ar pháirtíocht in eaglaisí a thugann Éire níos gaire do noirm na hEorpa.

¹⁰ féach: Special Eurobarometer 437. Discrimination in the EU in 2015.

<http://ec.europa.eu/COMMFrontOffice/PublicOpinion/index.cfm/Survey/getSurveyDetail/instruments/SPECIAL/surveyKy/2077>.

creidiúintí. In Éirinn bhraith 58 faoin gcéad díobh siúd a d'fhreagair go raibh leithcheal ar bhonn bunaidh eitnigh 'forleathan'. Tá an céatadán seo faoi bhun mheánfhiúir na hEorpa ag 64 faoin gcéad. Chreid 41 faoin gcéad de phobal na hÉireann go raibh leithcheal forleathan ó thaobh reiligiúin agus creidiúintí de freisin, fiúir atá arís níos lú ná meán na hEorpa ag 50 faoin gcéad. D'aontaigh lucht freagartha an tsuirbhé le ráitis faoin ngá le hábhar ceachtanna scoile agus le hábhair theagaisc/foghlama dul i ngleic le héagsúlacht sna réimsí seo a leanas: bunadh eitneach (88%), reiligiún nó creidiúintí (86%), gnéaschlaonadh (77%) agus féiniúlacht inscne (75%). Ba iad meánfhiúirí na hEorpa (28 tír san AE) faoi seach: 81%, 80%, 67%, 64% (ibid.).

1.4 MODHEOLAÍOCHT AGUS BAILIÚ SONRAÍ

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) a thosaigh an fhorbairt ar Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic mar réimse nua de churaclam na bunscoile. Luaitear i gcáipéisí comhairliúcháin go samhlaítear: 'go gcabhraíonn ORC le páistí eolas agus tuiscint a bheith acu ar oidhreacht chultúrtha na bpríomhfhoirmeacha reiligiúin, ar chórais chreidiúna agus ar chruinneshamhlacha sa tsochaí reatha, gan creideamh ná cleachtas aon reiligiúin ar bith a chur chun cinn' (CNCM 2015). Ina ionad sin díríonn sé ar mheas a chothú ar chultúir, ar reiligiúin agus ar chruinneshamhlacha éagsúla. Tugann an CNCM sainmhíniú ar oideachas in eitic mar seo a leanas: oideachas a dhíríonn ar dhínit agus ar shaoirse gach duine a chur chun cinn, le béim ar thábhacht cearta daonna is córa sóisialta, agus ar thábhacht chearta agus freagrachtaí.¹¹ I measc na snáitheanna atá molta don churaclam don Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic, tá Tuiscint Phearsanta, Comhthuiscint, Feasacht Spioradálta, Oideachas Carachtair agus Nasc leis an Saol Mór.

D'eagraigh an CNCM próiseas leathan comhairliúcháin.¹² Chuimsigh an próiseas seo scaipeadh eolais go forleathan maidir leis an gcuraclam molta, trí mheáin shóisialta éagsúla agus trí chruinnithe faisnéise agus eile le grúpaí sainleasa (féach Tábla 1.4). Cuireadh doiciméid eolais ar fáil ar shuíomh gréasáin na CNCM. Thug na doiciméid eolais seo léargas ar an bhfís don churaclam molta, chomh maith lena áit sa churaclam ginearálta bunscoile. Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin eagraíodh suirbhé ar líne, a lorg dearcthaí páirtithe leasmhara éagsúla (múinteoirí, oideachasóirí, tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne) maidir le sainábhar an churaclaim mholta ar Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic.¹³ An

¹¹ Le haghaidh a thuilleadh eolais féach:

http://www.ncca.ie/en/Publications/Other_Publications/ERBandE_Information-Booklet-for-Teachers.pdf

¹² San áireamh i measc spriocphobal an chomhairliúcháin bhí: múinteoirí, scoileanna, tuismitheoirí, páistí, páirtithe oideachais, pátrúin, gréasáin scoileanna na CNCM, grúpaí aighneachta do pháistí agus baill eile den phobal i gcoitinne. San áireamh freisin bhí grúpaí sainleasa eile (mar shampla: An Foras Pátrúnachta, Atheist Ireland, Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha (CPSMA), An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí (CRA), Bord Oideachais Eaglais na hÉireann (CIBE), An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), Pobalscoileanna Náisiúnta, Luath-óige Éireann, Ag Foghlaim le Chéile, Bord na hÉireann um Oiliúint san Oideachas (ETBI), Gaelscoileanna Teo., Humanist Association of Ireland, Cumann Múinteoirí Éireann (INTO), Lónra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN), Islamic Foundation of Ireland (IFI), An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Bunbhrainse (NPCP), Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO), Na Coláistí Oideachais, Secular Schools Ireland Ltd. agus eile.

¹³ Toisc go bhfuil glactha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna leis na moltaí i dTuarascáil an Fhóiraim, ba í príomhaidhm an cheistneora áiteamh ar lucht a bhfreagartha dul i ngleic le curaclam in ORC agus in Eitic. Níor ceapadh

CNCM a leag amach na ceistneoirí agus ansin tugadh cuireadh d'oideachasóirí, do thuismitheoirí agus do bhaill den phobal i gcoitinne páirt a ghlacadh trí na modhanna léirithe i dTábla 1.4. Tá an anailís sa tuarascáil seo bunaithe ar na sonraí a bailíodh ó na suirbhéanna sin ar líne¹⁴.

Tábla 1.4: Próiseas Comhairliúcháin.

Spriocphobal	Múscailt feasachta	Formáid chomhairliúcháin
Múinteoirí	-cártaí poist go dtí scoileanna -ríomh-chuireadh do gach scoil -plé ar twitter, #EdChatie -leathanach comhairliúcháin Facebook -alt san iris InTouch -leathanaigh gréasáin comhairliúcháin -Nuachtlitir na CNCM, info@ncca -obair le comhpháirtithe oideachais	-ceistneoir ar líne -cruinnithe comhchéime -cruinnithe ranga idir múinteoirí -aighneachtaí scríofa
Tuismitheoirí	-preasráiteas do nuachtáin áitiúla -fógraí ar stáisiúin áitiúla raidió -suímh gréasáin móréilimh -obair leis an gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí -twitter -leathanach comhairliúcháin Facebook	-ceistneoir ar líne -aighneachtaí scríofa
Páistí	-trí ghréasáin scoileanna	-ceachtanna samplacha le daltaí -díospóireachtaí daltaí -aischothú scríofa ó dhaltai
Oideachasóirí tríú leibhéal	-cártaí poist go dtí institiúidí 3ú leibhéal -ríomh-chuireadh do rannóga ábhartha -plé ar twitter, #EdChatie -leathanach comhairliúcháin Facebook -cuir i láthair ag comhdhálacha ábhartha	-scaipeadh doiciméid comhairliúcháin iomláin de chuid na CNCM -cruinnithe comhchéime -aighneachtaí scríofa -ceistneoir ar líne -grúpaí fócais
Baill eile den phobal i gcoitinne	-preasráiteas do nuachtáin áitiúla -fógraí ar stáisiúin áitiúla raidió	-scaipeadh doiciméid comhairliúcháin iomláin de chuid na CNCM -scaipeadh doiciméid comhairliúcháin dírithe ar thuismitheoirí -ceistneoir ar líne
Breisghrúpaí sainleasa	-ríomh-chuireadh -preasráiteas do nuachtáin áitiúla -fógraí/agallaimh ar stáisiúin áitiúla raidió -obair le comhpháirtithe oideachais	-doiciméad iomlán comhairliúcháin -cruinnithe comhchéime agus grúpaí fócais -aighneachtaí scríofa -ceistneoir ar líne

Foinse: comhfhreagras pearsanta ón CNCM, 16 Márta 2016

Tá an próiseas comhairliúcháin seo difriúil ó shuirbhéanna traidisiúnta taighde sa mhéid is nár roghnaíodh na freagróirí ó shampla ionadaíoch de phobal iomlán na tíre. Scaipeadh cuirí chun páirt a ghlacadh sa suirbhé ar líne ar raon leathan eagraíochtaí (féach fonóta 12) agus fógraíodh an suirbhé ar na meáin agus ar chainéil eile (féach Tábla 1.4). Mar sin ní féidir a mheas cé mhéad duine a bhí eolach faoin suirbhé agus díobh siúd a bhí, cé mhéad a ghlac páirt. De bharr gur pháirtíocht dheonach a bhí i gceist, tá an fhéidearthacht ann gur dhaoine le tuairimí láidre ar an ábhar ba mhó a ghlac páirt. Tá an líon suirbhéanna a eagraítear ar an idirlíon ag dul i méid de bharr fáil ar theicneolaíocht agus costas níos ísle (Granello agus Wheaton, 2004; Stewart, 2003).

an ceistneoir chun sonraí a bhailiú ar an gceist *ar cheart nó nár cheart* go bhforbrófaí curaclam sna réimsí seo do bhunscoileanna na hÉireann.

Is féidir buntáistí áirithe a bheith ag na suirbhéanna seo, mar shampla - aga slánúcháin níos tapúla; uaslódáil sonraí díreach go bunachar sonraí, ag laghdú ar am agus ar riosca earráidí iontrála sonraí (Umbach, 2004). Is féidir le suirbhéanna idirlín a dhíriú ar shampla ionadaíoch den phobal, mar shampla, príomhoidí, nó is féidir leo a bheith ‘deonach’ nuair a fhreagraíonn daoine ar bhonn deonach. Ionadaíocht lag agus ráta lag freagartha na míbhuntáistí is mó a bhaineann leis an dá chineál suirbhéanna idirlín is cosúil (Granello agus Wheaton, 2004). Míbhuntáiste eile is ea an fhéidearthacht go dtarlódh laofacht sampla – níl rochtain chothrom ar an idirlíon ag an bpobal ar fad. D’fhéadfadh freisin go mbeadh laofachtaí i gceist maidir le héagsúlacht i litearthacht dhigiteach i measc an phobail agus toisc nach raibh an suirbhé ar fáil ach trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge amháin. Cé go raibh roinnt suirbhéanna suntasacha deonacha ann, An Suirbhé Pátháscaire dírithe ar phá céimithe a thomhas san áireamh, tá deacrachtaí ar leith ag baint leo de bharr a n-ionadaíochta laige. Fiú ag úsáid saintréithe daonra chun na sonraí a athualú, is deacair ionadaíocht suirbhéanna traidisiúnta aghaidh ar aghaidh a mheaitseáil (Steinmetz et al., 2009, 2013). Ní raibh sa suirbhé ar líne ach formáid amháin den chomhairliúchán. Sa bhreis air sin bhí an deis ag páirtithe leasmhara aighneachtaí scríofa a chur isteach agus/nó freastal ar cheann de roinnt cruinnithe eolais a d’eagraigh an CNCM (féach thuas)¹⁵.

Cuma cén cineál sampla a roghnaítear, caithfidh an ceistneoir a bheith leagtha amach de réir prionsabal áirithe. Caithfear a dheimhniú nach bhfuil na ceistanna débhríoch agus go dtomhaiseann siad gach gné ábhartha den fheiniméan faoi chaibidil. Dea-chleachtas is ea ceistneoirí a thriail ar bhonn píolótach chun gur féidir bailíocht agus iontaofacht inmheánach an tsuirbhé a mheas roimh dhul ar aghaidh leis ina iomláine. Rinneadh na ceistneoirí a úsáideadh sa phróiseas comhairliúcháin seo a thástáil ar ghrúpa beag múinteoirí. Fuarthas aischothú freisin ón mBord um Luath-Óige agus Bhunscoile sular beodh an suirbhé. Cuireadh an t-aischothú ón dá ghrúpa seo san áireamh sa leagan deiridh.

Ag cur san áireamh an cineál staidéir a bhí sa staidéar reatha, ní féidir glacadh leis go raibh lucht páirtíochta an tsuirbhé ionadaíoch den phobal i gcoitinne agus ní féidir ginearálú a dhéanamh ar na torthaí i leith an phobail sin. Mar sin ní mór féachaint ar na torthaí atá curtha i láthair sa staidéar seo i gcomhthéacs an phróisis chomhairliúcháin níos leithne.

1.5 SONRAÍ AGUS CUR CHUIGE I LEITH ANAILÍSIÚ SONRAÍ

Bunaíodh an anailís a chuirtear i láthair sa pháipéar seo ar fhreagraí ó 897 oideachasóir, 1,075 tuismitheoir agus 283 ball den phobal i gcoitinne (féach Aguisín 1 le haghaidh na ceistneoirí a úsáideadh). D’fhonn ilfhreagraí ón duine céanna a sheachaint rinneadh seiceáil ar na tacair shonraí

¹⁵ Ba iad téarmaí tagartha an staidéir seo ná anailís a dhéanamh ar na sonraí ón suirbhé ar líne amháin (suirbhé a bhí deartha agus riartha ag an CNCM). Ní raibh na sonraí a bailíodh trí na codanna eile den phróiseas comhairliúcháin i gceist.

le hanailís mhinicíochta ar mhíreanna éagsúla den cheistneoir (baineadh amach na dúblaigh)¹⁶. Cuireadh leagan Béarla agus leagan Gaeilge de na ceistneoirí ar fáil. I measc na dtopaicí ar na ceistneoirí bhí:

- Aidhmeanna agus snáitheanna an churaclaim mholta;
- Scileanna agus meonta forbartha ag Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic;
- Modheolaíochtaí agus straitéisí oiriúnacha d'fheidhmiú Oideachais faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic;
- Deiseanna agus dúshlán maidir le hOideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic a thabhairt isteach.

Chomh maith le ceisteanna struchtúrtha maidir le cúlra an fhreagróra, bhí roinnt ceisteanna oscailte ar cheistneoirí na n-oideachasóirí dírithe ar léargas níos fearr a fháil ar a mbraistintí faoi ábhar an churaclaim mholta. Ceist oscailte amháin a bhí ar na ceistneoirí do thuismitheoirí agus do bhaill an phobail i gcoitinne.

Sa chéad chéim réamhanailíse eagraíodh agus rinneadh athchódú ar shonraí an tsuirbhé. Rinneadh códú de láimh ar fhreagraí na gceisteanna oscailte de réir catagóirí leathana d'fhonn comparáidiú idir na grúpaí de fhreagróirí a éascú. Ón bpróiseas seo ba shoiléir gur ardaigh mórán freagróirí ó na trí ghrúpa de pháirtithe leasmhara nithe nár bhain le hábhar na gceisteanna a cuireadh. Mar sin i gCaibidil 2 níl sna céatadáin a thugtar ach léargas tascach ar dhearcthaí a léiríodh i leith gach ceiste, toisc go bhféadfadh an t-ábhar céanna a bheith ardaithe faoi cheisteanna éagsúla. Anailís thuairisciúil ab ea an dara céim, ag doiciméadú na bhfreagraí ar leith a thug oideachasóirí, thuismitheoirí agus baill den phobal i gcoitinne. Leanadh seo le hanailís ar an éagsúlacht thar chineálacha scoileanna (scoileanna Caitliceacha, scoileanna mionchreidmheacha, idir/ilchreidmheacha agus eile) i gcás na n-oideachasóirí.

Bhain formhór na n-oideachasóirí (múinteoirí, príomhoidí, agus eile, líon=897)¹⁷, le hearnáil na bunscoile (72%); an dara grúpa ba líonmhaire ná earnáil na hiarbhunscoile ag (10%); an earnáil tríú

leibhéal ag (9%); oideachasóirí luath-óige ag (2%) agus an chatagóir 'eile' ag (7%),¹⁸ le hábhair oidí san áireamh. San iomlán d'fhreagair 897 duine an ceistneoir múinteora. Díobh siúd a d'fhreagair, bhí post múinteoireachta i scoil ag 52 faoi gcéad agus ba cheannairí scoile (príomhoidí nó leas-phríomhoidí) 29 faoi gcéad. Bhí an fuilleach de 19 faoin gcéad ag saothrú i suímh oideachasúla éagsúla. Breis agus fiche bliain taithí mhúinteoireachta a bhí ag an líon ba

¹⁶ Níor úsáideadh seoltaí IP chun dúblaigh a sheiceáil mar go bhféadfadh níos mó ná múinteoir amháin an ríomhaire céanna a úsáid i scoil.

¹⁷ Tá freagraí as Gaeilge san áireamh anseo (líon=3).

¹⁸ San áireamh sa chatagóir 'eile' bhí freagróirí nárbh fhéidir a chódú de bharr a laghad eolais a bhí tugtha, mar shampla, 'páirtí sainleasa'.

mhó freagróirí thar earnálacha éagsúla (35%). I gcomparáid le próifíl aoise an daonra, bhí sé níos dóichí go bhfreagródh múinteoirí níos sine (iad siúd le blianta taithí níos mó) an suirbhé. Bhí formhór na bhfreagróirí ag múineadh i scoileanna Caitliceacha (60%), leo siúd i scoileanna idir/ilchreidmheacha ag (13%) agus scoileanna mionchreidmheacha¹⁹ ag (5%). Bhí sé níos dóichí go bhfreagródh oideachasóirí i scoileanna neamh-Chaitliceacha an suirbhé nuair a dhéantar comparáid le próifíl na mbunscoileanna i gcoitinne.

D'fhreagair beagán sa bhreis ar aon mhíle tuismitheoir²⁰ an suirbhé ar líne (líon=1,075). Cuid de na tuismitheoirí seo bhí a bpáistí ag freastal ar scoileanna Caitliceacha (63%), ar scoileanna mionchreidmheacha (6%) agus ar scoileanna idir/ilchreidmheacha (26%). Bhí cuid eile nach raibh a bpáistí in aois scoile fós, nó go raibh a bpáistí ag freastal ar iarbhunscoileanna. Rinneadh rangú orthu siúd sa chatagóir 'eile' (5%). San áireamh anseo freisin bhí freagraí nach bhféadfaí a chódú (mar shampla ráitis ghinearálta nár bhain leis an gceist ábhartha). Mar aon leis na hoideachasóirí, léiríodh patrún i measc na dtuismitheoirí gur fhreagair níos mó díobh siúd le páistí i scoileanna neamh-Chaitliceacha, go comhréireach, leo siúd le páistí i scoileanna Caitliceacha.

1.6 TEORAINNEACHA AN STAIDÉIR

Tá teorainneacha leis an staidéar seo agus an príomhcheann is ea ionadaíocht an tsampla. An dúshlán roimh aon suirbhé taighde ná aimsiú agus earcú páirtithe ón spriocphobal, sa chás seo oideachasóirí, tuismitheoirí agus baill den phobal i gcoitinne. Reáchtáil an CNCM an suirbhé ar líne chun páirtíocht a éascú. Chuir seo srian, áfach, ar na féidearthachtaí meabhrúcháin a sheoladh. De bhreis air sin, an bealach inar leagadh amach an suirbhé, bhí freagróirí in ann bogadh ó cheist go ceist gan a chinntiú gur freagraíodh gach ceist. Mar thoradh bhí roinnt mhaith míreanna den suirbhé (ceisteanna aonair) gan freagraí. Mar shampla, níor fhreagair ach faoi bhun 600 oideachasóir as 897 an cheist ar aidhmeanna oiriúnacha (i.e. níor fhreagair 36%). Tá an anailís a thugtar anseo bunaithe ar fhreagraí bailí (gan freagraí ar iarraidh san áireamh). Cé gurbh acmhainn don suirbhé ar líne a fhreagartha a éascú, d'fhéadfadh go raibh cuid den spriocphobal nár ghlac páirt de bharr na formáide ar líne, nó toisc nár theastaigh uathu a bheith páirteach. I bhfocail eile d'fhéadfadh go mbeadh an suirbhé claonta i dtreo na bhfreagróirí a bhfuil tuairimí láidre acu faoin gcuraclam molta.

Bhain teorainn eile le foclú na gceisteanna. Cé go ndearnadh an ceistneoir a thástáil le grúpa beag múinteoirí agus gur cuireadh san áireamh freisin tuairimí ón mBord um Luath-Óige agus Bhunscoile²¹, mheas roinnt freagróirí (mar shampla, daoine aonair nach raibh ag saothrú i scoileanna) nach raibh roinnt ceisteanna ábhartha. Chomh maith leis sin, sa cheistneoir a bhí

¹⁹ Mar shampla, Eaglais na hÉireann, Giúdach, Preispitéireach, Modhach. Fágadh an líon beag freagraí ó mhúinteoirí i scoileanna speisialta (líon=11) ar lár ón anailís.

²⁰ Níor díriodh an suirbhé go sainiúil ar thuismitheoirí le páistí ag freastal ar bhunscoil.

²¹ Féach: http://www.ncca.ie/ga/Maidir_leis_an_CNCM/Boird-agus-Coist-an-CNCM/Board-for-Early-Childhood-and-Primary-January-2015.pdf

ullmhaithe ag an CNCM, chuimsigh an cheist ar aidhmeanna, inniúlachtaí éagsúla laistigh d’aon aidhm amháin, rud a d’fhág go raibh sé dodhéanta dearcthaí na bhfreagróirí a mheas i leith gach inniúlachta. Bheadh sé chun tairbhe freisin dá lorgófaí eolas níos mine ar na freagróirí (mar shampla, inscne na dtuismitheoirí, cúlra socheacnamaíoch, leibhéal oideachais agus araile). Ar deireadh bhí ceisteanna dearcaidh claonta i dtreo freagraí dearfacha, rud a d’fhéadfadh laofacht sa fhreagairt a mhealladh (mar shampla, ‘Ba chóir fiosracht mo pháiste i leith reiligiún agus creidiúintí difriúla a ghríosadh le linn a thréimhse sa bhunscoil’ [ceistneoir tuismitheora]), gné a cháin roinnt páirtithe leasmhara a ghlac páirt sa suirbhé. Ina theannta sin, cé gur eagraigh an CNCM seisiún eolais do pháirtithe leasmhara, ag ar spreagadh iad plécháipéisí ar líne a léamh maidir leis na hathruithe molta do churaclam na bunscoile agus ag ar míníodh fíis an chuir chuige nua i leith múineadh Oideachais faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic, tá sé dodhéanta a mheas cé mhéad de lucht páirtíochta an tsuirbhé a chuaigh i ngleic leis an ábhar seo.

In ainneoin na dteorainneacha seo, fuarthas breis agus 2,200 freagra ar an suirbhé, ó oideachasóirí, ó thuismitheoirí agus ó bhaill den phobal i gcoitinne, a sholáthraigh eolas úsáideach le cur san áireamh mar chuid den phróiseas comhairliúcháin maidir le tabhairt isteach Oideachais faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic mar chuid de churaclam na bunscoile.

Caibidil 2

Torthaí an staidéir

2.1 RÉAMHRÁ

Cuirtear i láthair sa chaibidil seo anailís ar na sonraí a bailíodh ó oideachasóirí, ó thuismitheoirí agus ó bhaill den phobal i gcoitinne trí shuirbhé ar líne. Ba í aidhm an tsuirbhé dearchthaí páirtithe leasmhara a lorg ar ghnéithe éagsúla den churaclam molta san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic. I measc na ngnéithe seo bhí: aidhmeanna don churaclam; snáitheanna curaclaim; scileanna agus meonta; modheolaíochtaí agus straitéisí; agus deiseanna is dúshláin. Bhraith an ceistneoir múinteora go mór ar cheisteanna oscailte i ngnéithe cosúil le cur agus baint d'aidhmeanna, de shnáitheanna, de scileanna agus de mheonta. Sa chaibidil seo déantar cioradh ar fhairsinge na tacaíochta a léirigh na páirtithe leasmhara do na gnéithe éagsúla molta den churaclam, agus féachtar ar athraigh dearchthaí oideachasóirí de réir a gcineálacha scoile nó de réir blianta a dtaithí. Scrúdaítear freisin ar athraigh dearchthaí thuismitheoirí de réir cineálacha scoileanna, nó de réir leibhéal ranga a bpáistí. Is fiú a nótaíl ón tús, áfach, go raibh líon na bhfreagraí ar na ceisteanna oscailte sách íseal i roinnt cásanna, agus chomh maith leis sin, d'ardaigh roinnt páirtithe leasmhara saincheisteanna éagsúla (cosúil le háit reiligiúin i scoileanna státmhaoinithe; an gá leis an athrú curaclaim mholta; nithe maidir le dúbláil) beag beann ar an gceist a cuireadh. Ar an ábhar sin tá sé dodhéanta miondealú a dhéanamh ar fhreagraí na gceisteanna oscailte – d'fhéadfadh an rud céanna a bheith clúdaithe mar chuid de fhreagra ar cheist eile ar fad. Sa chaibidil seo léargas tascach ar thuairimí mionlaigh/tromlaigh atá sna céatadáin a thugtar maidir leis na ceisteanna oscailte.

2.2 AIDHMEANNA DON CHURACLAM IN OIDEACHAS FAOI REILIGIÚIN AGUS FAOI CHREIDIMH (ORC) AGUS IN EITIC

2.2.1 Dearchthaí oideachasóirí

Ar an gceistneoir a bhí dírithe ar oideachasóirí iarradh ar na freagróirí a léiriú cé chomh láidir is a d'aontaigh nó a d'easaontaigh siad leis na sé aidhm mholta seo a leanas²²:

1. Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí féinfheasacht, muinín, creidiúintí pearsanta agus féiniúlachtaí sóisialta dearfacha a fhorbairt.
2. Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí eolas agus tuiscint a bheith acu ar an gcaoi ar chuir reiligiúin agus traidisiúin chreidimh leis an gcultúr ina mhairimid.
3. Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí compord, ionbhá agus lúcháir a léiriú le héagsúlacht dhaonna.


²² Is í an CNCM a cheap na haidhmeanna a thugtar anseo agus a úsáideadh ar na ceistneoirí.

4. Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí ceangail dhoimhne chomhbhácha dhaonna a chruthú.
5. Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí an coibhneas idir cearta agus freagrachtaí a thuiscint.
6. Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí tionchar claontachta agus leithcheala a thuiscint.

Mar a léirítear i bhFigiúr 2.1, d'aontaigh tromlach na n-oideachasóirí²³ leis na haidhmeanna molta don churaclam: 86% a d'aontaigh go láidir, nó a d'aontaigh le ráitis faoi éagsúlacht dhaonna, faoi chearta agus fhreagrachtaí agus faoi thionchar claontachta agus leithcheala.

Bhí roinnt difríochtaí suntasacha idir dearcthaí freagróirí ó chineálacha éagsúla scoileanna (féach Tábla 2.1). Freagróirí ó scoileanna idir/ilchreidmheacha, bhí sé níos dóichí go n-aontódh siad nó go n-aontódh siad go láidir leis na haidhmeanna seo a leanas: ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí féinfheasacht, muinín, creidiúintí pearsanta agus féiniúlachtaí sóisialta dearfacha a fhorbairt (95%); ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí compord, ionbhá agus lúcháir a léiriú le héagsúlacht dhaonna (96%); agus ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí tionchar claontachta agus leithcheala a thuiscint (93%).

FIGIÚR 2.1: BRAISTINTÍ OIDEACHASÓIRÍ AR NA HAIDHMEANNA MOLTA (AONTÚ GO LÁIDIR/AONTÚ)



Foinse: sonraí ón CNCM 2016 (líon=897).

Bhí sé níos dóichí go n-aontódh na freagróirí ó scoileanna Caitliceacha (85%) go mba chóir go gcuirfeadh an curaclam molta ar chumas páistí compord, ionbhá agus lúcháir a léiriú le héagsúlacht dhaonna; agus go mba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí

²³ Bunaíodh an anailís ar bheagán faoi bhun 600 freagra bailí (as 897).

tionchar claontachta agus leithcheala a thuiscint. Bhí sé níos dóichí go n-aontódh na freagróirí ó scoileanna mionchreidmheacha (78%) gur chóir go gcuirfeadh na haidhmeanna, a bheadh oiriúnach don churaclam, ar chumas páistí an coibhneas idir cearta agus freagrachtaí a thuiscint agus éagsúlacht dhaonna a cheiliúradh. (féach Tábla 2.1). Ní raibh aon difríochtaí suntasacha idir dearcthaí freagróirí de réir blianta taithí (féach Tábla 2.2).

TÁBLA 2.1: BRAISTINTÍ OIDEACHASÓIRÍ AR NA HAIDHMEANNA MOLTA DE RÉIR CINEÁL INSTITIÚIDE (AONTÚ GO LÁIDIR/AONTÚ)

	Caitliceach (líon=538)	Mion- chreid- mheach (líon=48)	Idir/ Ilchreid- mheach (líon=114)	Eile (líon=197)	Sig.
Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí féinfheasacht, muinín, creidiúintí pearsanta agus féiniúlachtaí sóisialta dearfacha a fhorbairt.	84	71	95	88	p<.0 01
Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí eolas agus tuiscint a bheith acu ar an gcaoi ar chuir reiligiúin agus traidisiúin chreidimh leis an gcultúr ina mhairimid.	80	70	93	84	ns
Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí compord, ionbhá agus lúcháir a léiriú le héagsúlacht dhaonna.	85	78	96	88	p<.0 00
Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí ceangail dhoimhne chomhbhácha dhaonna a chruthú.	82	70	97	86	ns
Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí an coibhneas idir cearta agus freagrachtaí a thuiscint.	84	78	97	88	ns
Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí tionchar claontachta agus leithcheala a thuiscint.	85	73	93	90	p<.0 02

Foinse: sonraí ón CNCM 2016.

TÁBLA 2.2: BRAISTINTÍ OIDEACHASÓIRÍ AR NA HAIDHMEANNA MOLTA DE RÉIR BLIANTA TAITHÍ (AONTÚ GO LÁIDIR/AONTÚ)

	0-5 bliana (líon=101)	6-10 mbliana (líon=153)	11-15 bliana (líon=161)	16-20 bliain (líon=75)	21+ bliain (líon=263)	Sig.
Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí féinfheasacht, muinín, creidiúintí pearsanta agus féiniúlachtaí sóisialta dearfacha a fhorbairt.	85	91	83	73	86	ns
Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí eolas agus tuiscint a bheith acu ar an gcaoi ar chuir reiligiúin agus traidisiúin chreidimh leis an gcultúr ina mhairimid.	85	84	78	74	85	ns
Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí compord, ionbhá agus lúcháir a léiriú le héagsúlacht dhaonna.	92	93	83	79	85	ns
Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí ceangail dhoimhne chomhbhácha dhaonna a chruthú.	87	90	80	69	85	ns
Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí an coibhneas idir cearta agus freagrachtaí a thuiscint.	87	93	82	73	87	ns
Ba chóir go gcuirfeadh ORC agus in Eitic ar chumas páistí tionchar claontachta agus leithcheala a thuiscint.	89	93	84	75	86	ns

Foinse: sonraí ón CNCM 2016.

Le ceist oscailte iarradh ar na hoideachasóirí *an raibh aon aidhmeanna eile ar mhaith le freagróirí a fheiceáil go dtabharfadh an curaclam fúthu*. Líon sách beag (19%; líon=174) a d'fhreagair an cheist seo. Níos mó ná an ceathrú cuid díobh a mhothaigh nár chóir aon aidhmeanna breise a chur leis, nó a bhí neamhchinnte faoi sin a dhéanamh. Ba mhian le tuairim is 10 faoin gcéad forbairt charachtair agus luachanna morálta a chur leis - gnéithe iad siúd de shnáitheanna nua den churaclam molta. Mhol 9 faoin gcéad go gcuirfí éagsúlacht leis na haidhmeanna. I measc réimsí eile a luadh don churaclam nua bhí: comhluachanna; forbairt charachtair; eolas ar

chreidimh agus ar chreidiúintí difriúla (agus fúthu siúd gan aon chreideamh); forbairt scileanna agus tréithe pearsantachta áirithe; idirghníomhaíocht agus caidrimh dhaonna; dul i ngleic le leithcheal agus le heisiamh; agus cur chun cinn éagsúlachta. Measadh go raibh tábhacht leis na réimsí seo ar fad d'fhorbairt duine mhorálta, mar a nótáil freagróir amháin:

As part of the Ethics programme, there should be a focus on the shared values, principles and virtues of character that people of all religions (and none) consider fundamental to being a moral person. Having read the consultation document, I believe there is room for a greater focus on moral character development from the perspective of virtue, i.e. helping children to reflect upon the specific character traits of moral persons and foster these traits in themselves. This goes beyond the focus on citizenship which comes across quite strongly in the consultation paper (Oideachasóir).

ERB and Ethics should support children in understanding that our beliefs and ethical priorities may change over a lifetime. ERB should provide opportunities for children to reflect on how their families, culture and traditions have influenced the formation of their beliefs. Children, when at an age appropriate level, should learn to distinguish between beliefs and truths (Oideachasóir).

Bhraith líon beag freagróirí go raibh poitéinseal sa churaclam molta feidhmiú i mbunscoileanna mar chreat chun cabhrú le páistí na scileanna a theastódh uathu chun maireachtáil i sochaí ilchultúrtha a shealbhú:

ERB & Ethics should provide a framework through which young people acquire the skills & tools to engage and connect with our pluralist society guided by strong morals, a personal sense of justice and fair play to inform empathetic and effective decision-making (Oideachasóir).

Mhol dornán freagróirí go raibh gá idirdhealú a dhéanamh idir míreanna difriúla den churaclam. Mar shampla moladh go gcuimseodh Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic modúl fealsúnachta. Mhol freagróir amháin go scarfaí oideachas faoi reiligiúin agus faoi chreidimh ó oideachas in eitic de bharr éagsúlacht a n-aidhmeanna agus a nádúir:

I also see the benefits of implementing a philosophy module/ programme to run as a complementary component to the ERB & Ethics (Oideachasóir).

It would probably be most ideal to take the opportunity to introduce ERB and Ethics as separate subjects within the curriculum. Religion/belief is not the same as Ethics and the aims are really quite different although like many curriculum areas taken together they deepen the child's awareness of herself and the world of thought and cultural practice (Oideachasóir).

ERB should be taught by the Church and family in their own time and not by teachers in schools. Ethics and Philosophy should be taught in schools. ERB and Ethics should explain that no religion is right and no religion is wrong, similar to Art (Oideachasóir).

Cé go raibh áit an churaclaim mholta ríomhtha sna doiciméid chomhairliúcháin de chuid na CNCM, ar iarradh ar na páirtithe leasmhara a léamh roimh fhreagairt an tsuirbhé dóibh, mhothaigh tuairim is 6 faoin gcéad de fhreagróirí go rabhtas ag tabhairt faoi chuid mhaith de na haidhmeanna molta cheana féin sna bunscoileanna:

ERB and Ethics should enable children to develop self-awareness, confidence, personal beliefs and positive social identities. I feel as though this is already covered through SPHE and our Multi-Belief Programme, Goodness Me Goodness You (Oideachasóir, idir/ilchreidmheach).

Chomh maith leis sin léiríodh sna freagraí ó pháirtithe leasmhara míshoiléireacht áirithe maidir leis an mbrí atá le hEitic. Sa doiciméad comhairliúcháin ón CNCM (2015) meastar go gcuimsíonn múineadh Eitice: ‘foirmiú agus cur chun cinn tiomantais phearsanta do dhínit agus do shaoirse gach duine, tábhacht cearta daonna agus freagrachtaí, áit na córa sa tsochaí, agus freastal ar an leas coiteann’ (lch 6), ach ní thugar sainmhíniú ar an gcoincheap.

Léirigh freagróirí dearchtaí éagsúla maidir le reiligiún a áireamh sa churaclam molta, le hoideachasóirí ó scoileanna idir/ilchreidmheacha (agus ó roinnt scoileanna Caitliceacha) ag áiteamh go nglacfaí le cur chuige leathan maidir le múineadh faoi reiligiúin. I bhfocail eile mhol siad múineadh faoi chórais chreidiúintí agus faoi reiligiúin dhifriúla. Mhothaigh roinnt oideachasóirí ó scoileanna sainchreidmheacha nach raibh dóthain de shainéiteas reiligiúnach mar aidhm sa churaclam:

While the introduction of the ERB consultation paper acknowledges that as part of "patrons' programmes in religious and ethical education, children learn how beliefs shape actions" there is no explicit mention in this survey as to what the implication would be for Roman Catholic schools in terms of time allocation or what percentage of the new curriculum will focus on the Catholic faith. I feel that throughout the ERB paper there is (...) a lack of focus on the Catholic faith (Oideachasóir, Caitliceach).

Ar an iomlán rinneadh roinnt moltaí, le beagán thar 20 freagróir nár mhol aon aidhmeanna breise. Bhí an chuma ar an scéal gur thacaigh na hoideachasóirí le haidhmeanna cosúil le cearta leanaí; eolas neamhchlaonta faoi chórais dhifriúla chreidiúintí; forbairt smaointeoireachta criticiúla; machnamh ar luachanna uilíocha daonna; agus eile.

D’fhéadfaí dhá thuairim a aithint a bhí ar comhchéim. Grúpa amháin a thacaigh leis na hathruithe molta:

I think that if all the above were covered it would provide the next generation with a sense of values that would contribute to a better Ireland (Oideachasóir, ilchreidmheach).

I think that if all the above was achieved this would be a brilliant course (Oideachasóir, Caitliceach).

Mhottaigh grúpa eile go raibh an t-ábhar clúdaithe leis an gcuraclam reatha, nó bhíodar i gcoinne nádúr saolta an chlár:

I think this is an unnecessary subject. This programme should be incorporated as part of SPHE. Religious Education should follow the programme of the patron in each school and this programme should in no way be compromised (Oideachasóir, Caitliceach).

Is amhlaidh gur ardaíodh mar shaincheist i roinnt cásanna áit an oideachais reiligiúnaigh agus na sacraimintí i scoileanna státmhaoinithe, beag beann ar fhócas na ceiste sa suirbhé, rud a léiríonn go bhfuil tuairimí láidre ag mórán páirtithe leasmhara ar an topaic seo. Bhí roinnt cáinteach maidir le háireamh oideachais reiligiúnaigh i scoileanna, ach thacaigh roinnt eile leis.

Iarradh freisin ar oideachasóirí a chur in iúl trí cheist oscailte *an raibh aon chuid de na haidhmeanna molta nár cheart a áireamh sa churaclam*. Arís, níor fhreagair ach líon beag an cheist seo (13%, líon=120). Dar le breis agus leath acu nár cheart aon rud a fhágáil ar lár. D'fhéadfaí freagraí eile a bheag nó a mhór a roinnt in dhá chatagóir: réimsí clúdaithe cheana féin ag an gcuraclam reatha bunscoile (thart ar 13%) agus áit an oideachais reiligiúnaigh i scoileanna (7%). Rinneadh léirmheas ar an gclár i líon sách mór de na freagraí. Déantar plé ar na tuairimí seo ag deireadh na caibidle seo. Bhraith díreach faoi bhun an ceathrú cuid de fhreagróirí gur chuimsigh ábhair reatha mar oideachas reiligiúnach agus OSPS, réimsí cosúil le féinfheasacht, le ceangail dhaonna agus le cearta agus freagrachtaí. Ina theannta sin, bhraith roinnt maidir le réimsí mar oideachas reiligiúnach, fhéinfheasacht agus cheangail dhaonna (eilimintí de Churaclam na Bunscoile 1999), gurbh fhearr a rachadh tuismitheoirí i ngleic leo seachas an scoil:

Aims 1 (self-awareness), 4 (human connections) and 5 (rights and responsibilities). These are already covered in RE and in the SPHE curriculum. Faith based schools should not have to teach this as well. The new Catholic curriculum Grow in Love includes respecting and learning about other faiths (Oideachasóir, Caitliceach).

Aim number 1 (self-awareness) and 4 (human connections) above are treading on parents' territory (Oideachasóir, mionchreidmheach).

I'm unsure of the personal belief element in aim 1, how it can be done within a school setting; I would prefer an informing curriculum (Oideachasóir, Caitliceach).

Bhí faoi bhun an ceathrú cuid go láidir den tuairim gur cheart an áit reatha atá ag foirmiú creidimh i scoileanna a choinneáil:

At primary school level children receive the faith formation that will be of great benefit to many of them throughout their lives. It is very important that "a world religions programme" should not disturb the foundations before they are set. This explains my answers regarding diversity and prejudice above (Oideachasóir, Caitliceach).

Anuas air sin mhol an ceathrú cuid go mbainfí de scoileanna foirmiú creidimh agus cur chun cinn aon reiligiúin ar leith:

Eliminate anything that relates to faith formation or promotion of one faith over another or promotes any faith at all. Faith formation should be outside of school and delivered in the home (if the parents so choose) or in church schools if the student wants to attend and / or their parent wants to send them (Oideachasóir, ilchreidmheach).

My school accepts children of all faiths who live in the parish - which means that all the children can attend their local school. However, it also means that any religion taught in my classroom is possibly offensive to the non-catholic students. I think all schools should be reverted to State ownership - they are funded by taxpayer's money - and obliged to admit all local children irrespective of belief and to teach an ERB and Ethics programme instead of Religion. The responsibility for faith formation should be given back to the Church and parents (Oideachasóir, Caitliceach).

Léiríonn na freagraí go bhfuil dearchtaí láidre i measc na bpáirtithe leasmhara maidir le háit an oideachais reiligiúnaigh i scoileanna agus an dá mhóorthuairim ar comhchéim. Bhí níos mó moltaí maidir le baint foirmiú creidimh de scoileanna sna freagraí ó oideachasóirí san earnáil idir/ilchreidmheach. Bhí an tuairim chéanna, áfach, ag líon beag oideachasóirí i scoileanna sainchreidmheacha, ag cur in iúl nár cheart ullmhúchán do na sacraimintí a dhéanamh le linn an lá scoile. Ní raibh aon difríocht i nádúr na bhfreagraí de réir blianta taithí. Go hachomair, cé go raibh roinnt difríochtaí sna freagraí ó na hearnálacha éagsúla maidir le haidhmeanna an churaclaim, bhí na dearchtaí chomh héagsúil céanna laistigh d'earnálacha scoile, go háirithe i scoileanna Caitliceacha, maidir le háit an oideachais reiligiúnaigh agus le héiteas scoile. Thacaigh roinnt oideachasóirí i scoileanna Caitliceacha leis an gcuraclam molta, ach bhí oideachasóirí eile sna scoileanna sin a bhraith nárbh aon ghá leis agus fiú go raibh sé in éadan éitis Chaitlicigh ina scoileanna.

2.2.2 Dearcthaí tuismitheoirí

Cuireadh topaic na n-aidhmeanna (gach ceann ag cuimsiú roinnt tacair scileanna mar a leagadh amach ar an gceistneoir iad) i láthair sa suirbhé ar thuismitheoirí i bhformáid dhifriúil ón suirbhé ar oideachasóirí. Iarradh ar thuismitheoirí (líon=1,075) a léiriú cé chomh láidir is a d'aontaigh siad le sraith ráiteas maidir leis an eolas agus leis na dearcthaí gur mhaith leo go bhfaigheadh a bpáistí sa bhunscoil.

- Ba mhaith liom go bhforbródh mo pháiste féinfheasacht, muinín, a c(h)reidiúintí pearsanta agus féiniúlachtaí dearfacha.
- Ba mhaith liom go mbeadh eolas agus tuiscint ag mo pháiste ar an gcaoi ar chuir reiligiúin agus traidisiúin chreidimh leis an gcultúr ina mhairimid.
- Ba mhaith liom go léireodh mo pháiste ionbhá agus lúcháir le héagsúlacht dhaonna agus go gcruthódh sé/sí ceangail dhoimhne chomhbhácha dhaonna.
- Ba mhaith liom go mbeadh níos mó féintuisceana ag mo pháiste agus go dtuigfeadh sé/sí níos fearr caidrimh le daoine eile.
- Ba mhaith liom go dtuigfeadh mo pháiste níos mó faoin gceangal idir cearta agus freagrachtaí.
- Ba mhaith liom go n-aithneodh mo pháiste leatrom, éagóir agus tionchar leithcheala.
- Tá sé tábhachtach do mo pháiste caidrimh dhearfacha a bhunú le páistí eile le cúlraí éagsúla, idir chúlra cultúrtha, chúlra reiligiúnach agus chúlra neamhreiligiúnach.
- Ba chóir go mbeadh mo pháiste ar a c(h)ompord ag nochtadh tuairimí faoi reiligiúin agus faoi chreidimh i dtimpeallacht mheasúil scoile.
- Ba chóir fiosracht mo pháiste i leith reiligiún agus creidiúintí difriúla a ghríosadh le linn a thréimhse sa bhunscoil.
- Ba chóir go mbeadh meas ar chreidiúintí agus ar luachanna mo pháiste sa seomra ranga.

Chomh maith le hoideachasóirí agus le tuismitheoirí, iarradh ar bhaill den phobal i gcoitinne a léiriú cé chomh láidir is a d'aontaigh siad le haidhmeanna an churaclaim mholta. San áireamh anseo bhí:

- Ba chóir go bhforbródh páistí féinfheasacht, muinín, a gcreidiúintí pearsanta agus féiniúlachtaí dearfacha.
- Ba chóir go mbeadh eolas agus tuiscint ag páistí ar an gcaoi ar chuir reiligiúin agus traidisiúin chreidimh leis an gcultúr ina mhairimid.
- Ba chóir go bhfoghlaimeodh páistí conas ionbhá agus lúcháir a léiriú le héagsúlacht dhaonna agus conas ceangail dhoimhne chomhbhácha dhaonna a chruthú.

- Ba chóir go bhfoghlaimeodh páistí níos mó tuisceana fúthu féin agus faoi chaidrimh le daoine eile.
- Ba chóir go bhfoghlaimeodh páistí níos mó faoin gceangal idir cearta agus freagrachtaí.
- Ba chóir go bhfoghlaimeodh páistí conas leatrom, éagóir agus tionchar leithcheala a aithint.
- Ba chóir go bhfoghlaimeodh páistí conas caidrimh dhearfacha a bhunú le páistí eile le cúlraí éagsúla, idir chúlra cultúrtha, chúlra reiligiúnach agus chúlra neamhreiligiúnach.
- Ba chóir go mbeadh páistí ar a gcompord ag nochtadh tuairimí faoi reiligiúin agus faoi chreidimh i dtimpeallacht mheasúil scoile.
- Ba chóir fiosracht pháistí i leith reiligiún agus creidiúintí difriúla a ghríosadh le linn a dtréimhse sa bhunscoil.
- Ba chóir go mbeadh meas ar chreidiúintí agus ar luachanna páistí sa seomra ranga.


Léirítear i bhFigiúr 2.2 thíos gur aontaigh nó gur aontaigh go láidir 94 faoin gcéad de thuismitheoirí leis an ráiteas: ‘Ba mhaith liom go n-aithneodh mo pháiste leatrom, éagóir agus tionchar leithcheala’. Thacaigh siad freisin le ráitis mar seo: ‘Ba mhaith liom go dtuigfeadh mo pháiste níos mó faoin gceangal idir cearta agus freagrachtaí’ (73%); ‘Ba mhaith liom go bhforbródh mo pháiste féinfheasacht, muinín, a c(h)reidiúintí pearsanta agus féiniúlachtaí dearfacha’ (73%); ‘Tá sé tábhachtach do mo pháiste caidrimh dhearfacha a bhunú le páistí eile le cúlraí éagsúla, idir chúlra cultúrtha, chúlra reiligiúnach agus chúlra neamhreiligiúnach’; ‘Ba chóir go mbeadh meas ar chreidiúintí agus ar luachanna mo pháiste sa seomra ranga’ (72%); ‘Ba mhaith liom go léireodh mo pháiste ionbhá agus lúcháir le héagsúlacht dhaonna agus go gcruthódh sé/sí ceangail dhoimhne chomhbháchacha dhaonna’ (71%); ‘Ba mhaith liom go mbeadh níos mó féintuisceana ag mo pháiste agus go dtuigfeadh sé/sí níos mó faoi chaidrimh le daoine eile’ (69%); ‘Ba chóir go mbeadh mo pháiste ar a c(h)ompord ag nochtadh tuairimí faoi reiligiúin agus faoi chreidimh i dtimpeallacht mheasúil scoile’ (70%); ‘Ba chóir fiosracht mo pháiste i leith reiligiún agus creidiúintí difriúla a ghríosadh le linn a thréimhse sa bhunscoil’ (59%). Ar an iomlán thacaigh na thuismitheoirí a ghlac páirt sa suirbhé seo níos mó leis na haidhmeanna agus leis na tuairimí a bhain le cóir shóisialta agus le forbairt phearsanta ná le gnéithe mar ‘fhiosracht faoi reiligiúin’ agus ‘chion reiligiún’.

Bhí difríochtaí áirithe idir dearcthaí tuismitheoirí maidir le hoiriúnacht aidhmeanna agus tuairimí molta, faoi mar a tuigeadh iad, de réir na gcineálacha scoile ar a raibh a bpáistí ag freastal (féach Tábla 2.3), cé nach raibh ach trí réimse a raibh suntas staitistiúil ag baint leo: ionbhá agus lúcháir le héagsúlacht dhaonna; bunú caidreamh dearfach le páistí le cúlraí cultúrtha difriúla; agus gríosadh fiosrachta faoi reiligiúin agus faoi chreidiúintí difriúla. Tuismitheoirí le páistí ag freastal ar scoileanna idir/ilchreidmheacha, bhí sé níos dóichí go n-aontódh siad nó go n-aontódh siad go láidir leis na ráitis: ‘Ba mhaith liom go léireodh mo pháiste ionbhá agus lúcháir le héagsúlacht

dhaonna agus go gcruthódh sé/sí ceangail dhoimhne chomhbhácha dhaonna'; 'Tá sé tábhachtach do mo pháiste caidrimh dhearfacha a bhunú le páistí eile le cúlraí éagsúla'; agus 'Ba chóir fiosracht mo pháiste i leith reiligiún agus creidiúintí difriúla a ghríosadh le linn a thréimhse sa bhunscoil'. Níor athraigh dearcthaí na bhfreagróirí maidir leis na haidhmeanna oiriúnacha don churaclam de réir leibhéal ranga a bpáistí.

D'aontaigh na freagróirí ón bpobal i gcoitinne le formhór na míreanna ar an gceistneoir. Bhí sé níos éadóiche go dtacódh siad leis na ráitis seo a leanas, cé gur thacaigh móramh leo: 'Ba chóir go mbeadh eolas agus tuiscint ag páistí ar an gcaoi ar chuir reiligiún agus traidisiúin chreidimh leis an gcultúr ina mhairimid' (82%) agus 'Ba chóir fiosracht pháistí i leith reiligiún agus creidiúintí difriúla a ghríosadh le linn a dtréimhse sa bhunscoil' (73%).

FIGIÚR 2.2: BRAISTINTÍ I LEITH AIDHMEANNA AGUS TUAIRIMÍ CUÍ DO CHURACLAM IN ORC AGUS IN EITIC (AONTÚ GO LÁIDIR/AONTÚ, TUISMITHÉOIRÍ AGUS BAILL DEN PHOBAL I GCOITINNE)



Foinse: Sonraí de chuid na CNCM 2016 (Tuismitheoirí=1075; Pobal=283).

TÁBLA 2.3: BRAISTINTÍ TUISMITHÉOIRÍ I LEITH AIDHMEANNA AGUS TUAIRIMÍ CUÍ DO CHURACLAM IN ORC AGUS IN EITIC (AONTÚ GO LÁIDIR/AONTÚ)

	Caitliceach	Mion-chreidmheach	Idir/Il-chreidmheach	Eile	Sig
forbairt féinfheasachta srl.	70.5	77.4	79.1	69.6	ns
cion reiligiún	56.5	66.1	66.4	57.1	ns
éagsúlacht dhaonna	68.6	72.6	79.1	66.1	p<.10
comhbhá le daoine eile	70.2	80.6	79.4	67.9	ns
cearta agus freagrachtaí	71.7	79	78	67.9	ns
tionchar leithcheala	92.7	96.1	98.2	90.5	ns
caidreamh le daoine eile	64.7	75.8	78.3	64.3	p<.000
ag roinnt tuairimí faoi reiligiún	67.5	77.4	77.3	71.4	ns
fiosracht faoi reiligiún	56.2	61.3	68.2	57.1	p<.007
meas ar chreidiúintí agus ar luachanna	70	75.8	76.5	71.4	ns

Foinse: Sonraí de chuid na CNCM 2016 (líon=1075).

Níor cuireadh ach ceist oscailte amháin ar thuismitheoirí – an chaoi ina bhféadfadh an curaclam molta cur le saol a bpáistí; míníonn seo a laghad tuairiscithe focal ar fhocal a dhéantar ar dhearccháil thuismitheoirí. Léiríodh sna freagraí ó thuismitheoirí (58%, líon=626 a d'fhreagair an cheist oscailte seo) gur mhaith leo go bhfoghlaimeodh a bpáistí faoi ionannas, faoi éagsúlacht agus faoi chaoimhlaingte (thart ar 20%):²⁴

A curriculum that is not tied to any particular faith would help to reduce intolerance and ignorance. I would like my child to be aware and respectful of other beliefs. Such a curriculum should also pervade approaches to informal learning within the school (Tuismitheoir).

Broaden their understanding of the role of ethics and our obligations to other human beings regardless of race or creed. Develop their sense of social justice, fairness and equality. Grow their tolerance and openness to the beliefs and ways of life of other cultures (Tuismitheoir).

I would like the curriculum to explore with my child, the reasons (...) behind such diversity in traditions, values and religions, how belief systems can be quite similar and how some are so different. Why some believe in God and others do not. Creationism versus Evolution - are these two compatible or completely opposite theories? Should absolutely everything in life be tolerated, or should some things not be? Sound moral values in general and how to show compassion for others while not compromising your own beliefs (Tuismitheoir).

Theastaigh ó thuismitheoirí freisin go bhfoghlaimeodh a bpáistí faoi noirm shóisialta agus faoi mhoráltacht (thart ar 13%):

Help them to develop their moral character. Knowing about religion, knowing about right and wrong is just not the same as learning how to be a good person, a good citizen. Children need a dedicated space to develop a moral self (Tuismitheoir).

I would like ERBE to contribute to teaching my children respect for others, themselves and to recognise between what is right and wrong in terms of their personal behaviour and accountability. I see teaching ERBE as complementary to what myself and my wife teach our kids at home with regard to respect for themselves and others, and to always try their best to do right by themselves and others (Tuismitheoir).

Theastaigh ón méid céanna thuismitheoirí (thart ar an gceathrú cuid) go bhfoghlaimeodh a bpáistí faoi chreidiúintí difriúla agus faoi smaointeoireacht chriticiúil:

²⁴ Anseo agus in áiteanna eile sa tuarascáil léiríonn céatadáin ag tagairt do fhreagraí ar cheisteanna oscailte, na freagraí a fuarthas uathu siúd a d'fhreagair na ceisteanna sin. Tá sé tábhachtach a nótaíl murar luadh rud go sonrach i bhfreagra ar cheist oscailte, nár ghá nach mbeadh an dearcadh sin ag na freagróirí.

I want them to know there are a range of religions with lots of different beliefs and it's ok to follow any or none if that's what they chose (Tuismitheoir).

I would like it to provide her with an understanding of all of the religions & beliefs that make up modern society so that she can make informed decisions & arguments as needed during her school life (Tuismitheoir).

I would like them to learn what morality is, and what it means to live ethically - for this critical thinking would have to be developed and encouraged. I would consider that to be of utmost importance (Tuismitheoir).

I would like her to learn the critical thinking skills to evaluate these different beliefs so that she can make an informed decision about what spiritual path is most helpful to her (Tuismitheoir).

Mhol thart ar 11 faoin gcéad de thuismitheoirí go seachnófaí peirspictíocht shainchreidimh ar leith a chur chun cinn:

I would like the ERB and Ethics to replace faith formation and religious instruction. My son is from a non-religious background and has been segregated and discriminated against in school on the basis of this. We could not get him into an Educate Together school as they were oversubscribed. There should be no place for religious indoctrination in the classroom (Tuismitheoir).

I would like the ERB curriculum to be fair to my child in a way that the current RE /religious classes situation is not. I was not comfortable sending my child to a local (religious) school because it was clear their RE class and its integration in the entire curriculum did not promote any respect for my child's and our beliefs. I hope the introduction of the ERB will change that situation and promote respect for all (Tuismitheoir).

Bhí an dearcadh seo léirithe go príomha ag thuismitheoirí le páistí ag freastal ar scoileanna neamhchreidmheacha. Thagair roinnt don easpa roghanna ar fáil, le formhór na scoileanna ilchreidmheacha plódaithe cheana féin. Mheas thart ar 20 faoin gcéad de na freagróirí nár ghá aon athruithe a dhéanamh mar go raibh go leor scoileanna Caitliceacha ag tabhairt faoi chuid mhór de na réimsí molta sa churaclam nua. Bhí éagsúlacht sna dearchtaí laistigh agus idir cineálacha scoileanna. Theastaigh ó roinnt thuismitheoirí le páistí ag freastal ar scoileanna Caitliceacha go n-athrófaí an fócas aonarach ar an gCaitliceachas go foghlaim faoi chórais dhifriúla chreidimh: 'Ba chóir go gcuirfeadh curaclam in ORC agus in Eitic le saol mo pháiste trína chinntiú go n-athrófaí an fócas aonarach ar fhoirmiú Caitlicigh'. Bhí scoileanna Caitliceacha roghnaithe go sonrach ag roinnt eile mar gur theastaigh uathu go ndéanfaí foirmiú creidimh lena bpáistí:

As a Catholic Parent I want my children to be educated in the Catholic Ethos and to be taught their religion in the school. I do not want to have my child denied this right and believe that the curriculum must cater for this in a significant way and not be such that the school is denied the right to educate children in Catholic Doctrine (Tuismitheoir).

Rinne thart ar 13 faoin gcéad díobh siúd a d'fhreagair an cheist oscailte argóint ar son oideachas reiligiúnach a choinneáil sna bunscoileanna. Bhí éagsúlacht dearchthaí laistigh den ghrúpa seo, áfach, le roinnt i bhfabhar déileáil le reiligiún i gcomhthéacs comparáideach agus cuid eile ar son an *status quo*:

I would like the ERBE to be taught in the overall context of my child's school's Christian/Catholic ethos. The Christian ethos of my children's school is important to us as a family and I see no reason why the ERBE cannot be taught in the light of such ethos. Indeed, from reading the consultation document it would seem that most of the curriculum is already covered in the Alive O programme. As a Christian family who try to live our lives by Christ's teaching and raise our children by the same values, I feel it would be fundamentally important that ethics would be taught from a Christian viewpoint. I would have concerns about adding yet another strand to an already full curriculum and overlap with what is already taught as part of the patron's programme (Tuismitheoir).

More emphasis on the Catholic faith. Children are not being taught enough about their own faith (Tuismitheoir).

Thart ar 5 faoin gcéad de thuismitheoirí a nocht an tuairim gur cúram do thuismitheoirí is ea réimsí mar fhorbairt chreidimh agus mhoráltachta:

Religion and ethics can be discussed at home (Tuismitheoir).

I was horrified when he arrived home from school to announce: "I believe that Jesus is the son of God." His spiritual education is the sole responsibility of his father and I. Should we choose not to expose him to a faith community, the state should not step in to fill that intentional void (Tuismitheoir).

Ethics should be taught/reinforced in school, however, any bible studies/prayers/worship should be fostered in homes only (Tuismitheoir).

Níor athraigh dearchthaí thuismitheoirí de réir leibhéal ranga a bpáistí (naíonáin shóisearacha; naíonáin shinsearacha; rang 1-6); ach nótáil líon beag thuismitheoirí go mba chóir an curaclam nua a mhúineadh ar bhealach aoisoiriúnach, agus gurbh fhearr gan tosú ar reiligiún comparáideach go dtí an dara leibhéal, chun nach gcuirfí mearbhall ar pháistí óga.

Bhí thuismitheoir amháin den tuairim go gcaithfí caoinfhulaingt agus tuiscint a chleachtadh laistigh de phobal níos leithne agus go gcaithfeadh aosaigh le sainchreideamh a bheith níos tuisceanaí díobh siúd le córais eile chreidimh nó gan chreideamh:

I am upset that my 7 year old daughter was told yesterday by a Catholic neighbour she will be going to Hell for not making her Communion. As a country we need to start implementing respect for each other which begins within education (Tuismitheoir).

Léiríodh sna freagraí ó bhaill den phobal i gcoitinne (69 faoin gcéad, líon=195 díobh siúd a ghlac páirt sa suirbhé a d'fhreagair an cheist seo) gur measadh go bhféadfadh an curaclam molta cur leis na réimsí seo a leanas: buntuisint ar éagsúlacht chreidimh (breis agus ceathrú cuid); meas agus caoinfhulaingt; agus smaointeoireacht chriticiúil (breis agus ceathrú cuid) agus réimsí eile nach iad:

Children should be taught about all major religions, develop critical thinking skills and the ability to question. This approach will nurture non discriminatory values, establish lifelong curiosity and the ability to connect with the world regardless of religion (Ball den phobal).

Bhí éagsúlacht dearcthaí ann maidir le háit an oideachais reiligiúnaigh sna bunscoileanna. Bhraith tuairim is a leath de bhaill an phobail gur chóir go dtabharfadh scoileanna eolas leathan ar reiligiúin agus ar chórais dhifriúla chreidiúintí, agus nár chóir go mbeadh foirmiú creidimh mar chuid den lá scoile, nó dá mbeadh, gur chóir go mbeadh sé ina ábhar seach-churaclaim:

All religions should be taught in an RE class. Catholic classes need to be stopped at school. Communion, etc., should be done on the pupils' own time. Baptism certs [certificates] should not be a requirement to enter Primary School - this discrimination needs to stop (Ball den phobal).

It is my desire that parents who wish for their child to participate in a particular religious education and related rites/sacraments, should be offered this as an extra-curricular subject, rather than as an integral part of the school curriculum (Ball den phobal).

Thart ar an gceathrú cuid a bhraith go mbeadh dúshláin sa churaclam molta do scoileanna sainchreidmheacha agus gur ghá go gcuirfí 'malairtí scolaíochta neamhchreidmheacha ar fáil do theaghlaigh a dteastaíonn sin uathu':

In schools with a religious patron, they should be allowed to teach the beliefs of the patron of the school (Ball den phobal).

I do not want time for teaching children their catholic faith in catholic primary schools to be diluted or shortened. The "ethics" which will be taught (...) this new programme may well not be compatible with Catholic teaching. I do not want secular thinking to be part of the curriculum in Catholic schools. If parents want this programme, let them choose a non-Catholic school (Ball den phobal).

Bhain líon beag moltaí le háit na hEitice. Mheas beirt fhreagróirí gur chóir idirdhealú a dhéanamh idir múineadh na hEitice agus réimsí ábhar eile:

Ethics and morality are separate issues from religiosity. A module on philosophy and critical thinking is more important than education in religion and beliefs (Ball den phobal).

Ethics in a republic should be entirely separated from anything to do with religious beliefs (Ball den phobal).

Nótáladh in áit eile:

Education about Religion and Beliefs and Ethics should not be a separate subject in Primary School - in the same way that Leadership should not be a separate subject. It should be learned and developed through other subjects (Ball den phobal).

Faith formation needs to be removed from schools. An ethics course should replace it. The basics of philosophy should be taught from an early age to encourage critical thinking and personal understanding (Ball den phobal).


Cé gur cheistigh níos mó ná an ceathrú cuid de na freagróirí an gá le soláthar curaclaim nua, ag tagairt do mhórán réimsí a bheith clúdaithe le hábhair eile reatha, bhí freagróirí eile a mheas go gcuirfeadh an curaclaim nua go dearfach le saol páistí, i dtéarmaí feasachta faoi shaincheistean éagsúla a mhúscailt:

I am delighted to see that this is being considered. These are so fundamental to growing up and being in the world. If this change means more self awareness, interpersonal awareness a sense of responsibility to make the world a better place for oneself and others then I am 100% in favour and think this will contribute strongly to lessen bullying and self esteem issues (Ball den phobal).

2.3 SNÁITHEANNA CURACLAIM

San áireamh sna cúig shnáithe nó réimse molta don churaclam in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic tá: Tuiscint Phearsanta, Comhthuiscint, Feasacht Spioradálta, Oideachas Carachtair agus Nasc leis an Saol Mór (CNCM, 2015). Iarradh ar na hoideachasóirí a léiriú cé chomh mór is a d'aontaigh nó nár aontaigh siad go raibh na snáitheanna seo oiriúnach don churaclam. Ar an iomlán, mheas na hoideachasóirí go raibh na snáitheanna oiriúnach don churaclam, mar a léirítear i bhFigiúr 2.3. Bhí sé níos éadóiche, áfach, go n-aontódh siad nó go n-aontódh siad go láidir (65%) le hoiriúnacht 'Feasachta Spioradálta' mar shnáithe.

FIGIÚR 2.3: DEARCTHAÍ OIDEACHASÓIRÍ I LEITH SNÁITHEANNA CUÍ LE HÁIREAMH I gCURACLAM D'ORC AGUS IN EITIC (AONTÚ GO LÁIDIR/AONTÚ)



Foinse: Sonraí de chuid na CNCM 2016 (líon=897).

Léirítear i dTábla 2.4 freagraí na n-oideachasóirí de réir cineál scoile. Cé go raibh éagsúlacht áirithe sna freagraí, ní raibh ach snáithe amháin – comhthuiscint – a raibh suntas staitistiúil ag baint leis na difríochtaí sna freagraí ina leith. Bhí sé níos dóichí go n-aontódh oideachasóirí ag obair i scoileanna idir/ilchreidmheacha nó go n-aontódh siad go láidir, go mbeadh ‘comhthuiscint’ mar shnáithe sa churaclam molta. Níor athraigh dearcthaí na n-oideachasóirí de réir blianta taithí maidir le snáitheanna oiriúnacha.

TÁBLA 2.4: DEARCTHAÍ OIDEACHASÓIRÍ I LEITH SNÁITHEANNA CUÍ LE HÁIREAMH I gCURACLAM D'ORC AGUS IN EITIC DE RÉIR CINEÁL SCOILE (AONTÚ GO LÁIDIR/AONTÚ)

	Caitliceach (líon=538)	Mion chreidmheach (líon=48)	Idir/il- chreidmheach (líon=114)	Eile (líon=197)	Sig
tuiscint phearsanta	81	78	93	86	ns
comhthuiscint	80	82	98	90	p<.004
feasacht spioradálta	64	70	78	61	ns
oideachas carachtair	75	70	91	81	ns
nasc leis an saol mór	82	85	89	87	ns

Foinse: sonraí de chuid na CNCM 2016.

Sa chéad chéim eile iarradh ar fhreagróirí an raibh snáitheanna eile ar mheas siad ar chóir a bheith curtha san áireamh. D'fhreagair 14 faoin gcéad d'oideachasóirí (líon=124) an cheist seo. Ar an iomlán moladh líon áirithe snáitheanna/topaicí, ina measc: caoinfhulaingt chreidimh/reiligiún eile; glacadh le héagsúlacht; scileanna pearsanta mar atá, smaointeoireacht chriticiúil, luachanna, scil chainte, forbairt ar chreideamh an duine féin; cearta agus freagrachtaí; fealsúnacht; spioradáltacht; aireachas; meas; ionbhá; réiteach coimhlinte agus eile. Bhí éagsúlacht i ndearcthaí oideachasóirí maidir le háireamh oideachais reiligiúnaigh. Beagán thar an gceathrú cuid a mheas nár ghá aon snáitheanna eile a áireamh agus mheas 9 faoin gcéad go raibh na snáitheanna clúdaithe leis an gcuraclam reatha. Bhí 14 faoin gcéad den tuairim gur chóir go

mbeadh daonnachas, spioradáltacht agus fealsúnacht san áireamh sna snáitheanna. Thacaigh thart ar 12 faoin gcéad leis an tuairim faoi fhoghlaím faoi reiligiúin a bheith sa churaclam. D'aibhsigh freagróir amháin an gá le heolas a thabhairt do pháistí faoi reiligiúin éagsúla d'fhonn míthuiscintí faoi mhionchreidimh a chloí:

Although it is mentioned in the "possible themes" section, I think that learning about other religions and belief systems should be included as an objective of the curriculum. Allow me to use my own personal demographic for a moment: I am a young person who spends quite a lot of time online. This means that I regularly see people who insist on using false claims to back up their own prejudices (particularly on social media). Given the current global climate, this means I personally see people my own age, who are very poorly informed, making brash claims about certain faiths - particularly Islam. They then back their claims up with information that is, quite simply, inaccurate. I feel that it is absolutely imperative that we teach children the facts so that they can become informed, rational people. This means that it needs to be specifically mentioned as an objective of the curriculum that children will be taught facts about the major world religions (Oideachasóir).

Bhraith roinnt ionadaithe ó scoileanna sainchreidmheacha gur chóir go mbeadh cead ag na scoileanna seo leanúint le múineadh reiligiúin de réir éiteas a scoileanna: 'Schools with a religious ethos, Catholic, Protestant, Muslim or Jewish should be allowed to teach their own religion' (Oideachasóir).

Mhol 11 faoin gcéad go gcuirfí luachanna agus moráltacht san áireamh. I measc moltaí ó ghrúpa freagróirí a bhí níos lú ná sin bhí: éagsúlacht; forbairt ar chreideamh an duine féin; cearta; ionannas; réiteach coimhlinte; meas agus ionbhá.

Ina theannta sin, iarradh ar fhreagróirí an raibh aon chuid de na snáitheanna luaite nár chóir a áireamh. D'fhreagair 13 faoin gcéad (líon =119) de lucht páirtíochta an tsuirbhé an cheist seo. Díreach faoi bhun a leath de na freagróirí a mheas nár chóir aon snáithe a fhágáil ar lár, le 12 faoin gcéad ag creidiúint go gclúdaíonn an curaclam reatha mórán de na réimsí seo cheana féin. Bhí éagsúlacht i ndearcthaí oideachasóirí maidir le soláthar oideachais reiligiúnaigh. Chomh maith leis sin mheas thart ar 15 faoin gcéad gur cheart go bhfágfaí feasacht spioradálta agus foirmiú mar chúram don bhaile seachas don scoil:

I have problems & am unsure how spiritual awareness/developing personal beliefs can be successfully introduced in an ERB style curriculum because of the diversity in beliefs from Christianity (& within the differing denominations), Islam, Atheists, Agnostics, Hindus, Humanists, Judaism, Jehovah's witnesses etc. etc. without either watering down people's beliefs OR insulting them (Oideachasóir).

Care needs to be taken with the notion that we all have 'spiritual awareness'. This is not an uncontroversial, universally accepted idea so it would not be right to give children the understanding that they must develop a 'spirituality'. This may be straying too far into the domain of denominational religious instruction where faith-formation is the goal. The goals of this new programme should be very clear to all

concerned and should not cross over into matters of religious faith. Surely the aim here is to learn FROM religions rather than learning HOW to be religious? (Oideachasóir).

Bhí tuairim is 2 faoin gcéad neamhchinnte faoi nádúr an oideachais charachtair a bhí molta agus d'áitigh siad go raibh seo agus réimsí eile gaolmhara clúdaithe cheana féin leis an gcuraclam reatha:

Character education because what is it based on? Who is going to do it? (Oideachasóir).

Character education, personal and mutual understanding are already covered through SPHE and religious programme, and the primary responsibility for these lie with parents (Oideachasóir).

Bhraith mionlach de fhreagróirí go raibh réimsí mar 'nasc leis an saol mór' agus 'comhthuiscint' ró-dhébhrioch agus mar sin go bhféadfaí léirléamha éagsúla a dhéanamh orthu:

Connection to the 'wider world' and 'Mutual understanding'. Not because I think these things are in themselves bad but that they are ambiguous and in my mind could be easily interpreted as an attempt to say that all religions are basically equal and nothing more than cultural phenomena or pastimes. I mean a key message of the ERB is 'Teaching Ethics through a faith lens is not a recommended approach for a national curriculum in Ethics'. I strongly disagree with this approach (Oideachasóir).

Nótáil na hoideachasóirí freisin nach raibh sa bhunoideachas ach an chéad chéim chun páistí óga a oiliúint agus nár chóir go mbeadh an curaclam ró-ardaidhmeannach, go háirithe i gcomhthéacs ró-ualaigh curaclaim. Rinne duine amháin de na freagróirí an argóint, cé go raibh na snáitheanna molta oiriúnach don churaclam, go gcaithfí cúram a ghlacadh chun déileáil le mórán díobh ar bhealaí aoisoiriúnacha:


The above strands are all appropriate providing that they are covered in an appropriate way, with due regard for the developmental capabilities of young children and their right to have, in so far as is possible, a carefree childhood. We must be careful not to force children into an adult's world or overburden them with issues that are largely the concern of and of relevance to adults. We are dealing with 4-12 year olds, not young adults (Oideachasóir).

2.4 SCILEANNA AGUS MEONTA

Sa suirbhé soláthraíodh liosta de scileanna agus de mheonta agus iarradh ar fhreagróirí na cinn sin a mheas siad ab oiriúnaí don churaclam a roghnú. I measc na scileanna agus meonta seo bhí: Féinmheas; Smaointeoireacht chriticiúil; Ceisteoireacht; Féinfheasacht; Cothú dea-chaidreamh; Ag léiriú creidiúintí pearsanta; Ag forbairt ionbhá; Ag forbairt féiniúlachtaí sóisialta dearfacha; Freagracht phearsanta; Ag forbairt braistint choinsiasa; Tuiscint ar chearta agus ar fhreagrachtaí; Tuiscint ar thionchar claontachta agus leithcheala; Feasacht timpeallachta; agus Ag forbairt

dearcthaí ar cheisteanna spioradálta agus reiligiúnacha. Iarradh ar gach freagróir suas le cúig scil a roghnú. Ós rud é nach raibh aon rogha easaontaithe ann, ní féidir a rá ar aontaíodh nó nár aontaíodh leis na scileanna sin nár marcáladh.

FIGIÚR 2.4: DEARCTHAÍ PÁIRTITHE LEASMHARA I LEITH SCILEANNA AGUS MEONTA CUÍ DON CHURACLAM MOLTA



Foinse: sonraí de chuid na CNCM 2016 (Oideachasóirí=897; Tuismitheoirí=1,075; Baill den Phobal=283).

De na scileanna agus meonta liostaithe, léirigh na hoideachasóirí an tacaíocht ba mhó do ‘tuisceint ar thionchar claontachta agus leithcheala’ (32%), do ‘tuisceint ar chearta agus ar fhreagrachtaí’ (30%), agus do ‘fhreagracht phearsanta’ (29%) (féach Figiúr 2.4). Bhí sé níos éadóiche go roghnódh siad ‘feasacht timpeallachta’. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha sna dearcthaí a léirigh na hoideachasóirí de réir cineál scoile ná de réir blianta taithí. Iarradh freisin ar na freagróirí ar mheas siad go raibh na scileanna agus na meonta a roghnaigh siad á bhforbairt faoi réimsí eile de churaclam reatha na bunscoile. Nótáil thart ar 20 faoin gcéad (d’fhreagair beagán faoi bhun 600) go raibh tuiscint ar thionchar claontachta agus leithcheala i measc na scileanna agus meonta á bhforbairt cheana féin i réimsí eile de churaclam reatha na bunscoile. Thart ar 20 faoin gcéad chomh maith a mheas go raibh ceisteanna spioradálta agus reiligiúnacha clúdaithe, le líon níos lú ag nótáil cearta agus freagrachtaí, feasacht timpeallachta, freagracht phearsanta agus braistint choinsiasa i measc na réimsí clúdaithe. Rinne an ceathrú cuid de fhreagróirí an argóint go raibh mórán de na scileanna seo á bhforbairt mar chuid de shainréimse

den churaclam (OSPS nó Reiligiún den chuid is mó), nó trí shainchláir mar 'Alive-O', 'Aistear', nó 'Learn Together'.

Bhí an cheist faoi scileanna oiriúnacha ar an gceistneoir do thuismitheoirí agus do bhaill an phobail chomh maith. Mar is léir ó Fhigiúr 2.4, i measc na scileanna is mó oiriúnacht don churaclam in Oideachas faoi Reiligiún agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic, dar le thuismitheoirí, bhí: forbairt scileanna criticiúla (43%), tuiscint ar thionchar claontachta agus leithcheala (43%) agus féinmheas (42%). Na scileanna sin ab oiriúnaí dar le baill an phobail i gcoitinne ná: forbairt ionbhá (54%), ceisteoireacht (51%) agus tuiscint ar chearta agus ar fhreagrachtaí (46%). Ba iad na príomhréimsí scile aitheanta ag na páirtithe leasmhara trí chéile ná, smaointeoireacht chriticiúil, ionbhá agus tionchar claontachta agus leithcheala.

Mheas líon beag oideachasóirí, áfach, cé go raibh go leor de na topaicí á gclúdach sa churaclam reatha cheana féin, go mb'fhéidir nach raibh an clúdach sin leordhóthanach:

Although empathy may be touched on in SPHE, I feel it is not in the context of imaging someone else's cultural experience and fostering empathy and understanding of difference. Critical thinking certainly needs to be planned for more intentionally (Oideachasóir).

Critical thinking skills: not really; questioning: in a limited way only; self-awareness: to a limited extent in the SPHE curriculum; fostering good relationships: ostensibly in SPHE; developing a sense of conscience: to a certain extent in SPHE and in a very limited and limiting way in RE (Oideachasóir).

Is fiú a nótaíl gur luadh go raibh topaic 'clúdaithe cheana féin' ag an gcuraclam reatha, i bhfreagraí ar cheisteanna difriúla, beag beann ar ábhar na gceisteanna sin. Beagán thar an gceathrú cuid de fhreagróirí a d'aibhsigh an gá le smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt:

Critical thinking should be an aspect of all areas of curriculum. Developing a sense of conscience would be part of most faith based curricula. Understanding rights and responsibilities, understanding the impact of prejudice and discrimination and personal responsibility while addressed in other areas of curriculum could be a major focus for new proposed ERB (Oideachasóir).

... the Catholic school of which I am Principal already offers all of the aspirations/skills and teaching that the new programme proposes - what I would add however is that it is done in a staged, age appropriate way and acknowledges that children's learning is not complete when they leave Primary school. They will learn more in Secondary to build on what we offer them (Oideachasóir).

Chíor an chéad cheist eile ar measadh go raibh scileanna eile ann ar chóir a bheith curtha san áireamh (arís d'fhreagair beagán faoi bhun 600 duine). Moladh raon topaicí/réimsí, ina measc: saoránacht ghníomhach; guth an pháiste; scileanna nó meonta a chothaíonn meabhairshláinte


dhearfach; treallús; cinnteoireacht; réiteach fadhbanna; stair gluaiseachtaí reiligiúnacha/spioradálta éagsúla agus ar féidir a fhoghlaim uathu; litearthacht agus uimhearthacht; tacaíocht do riachtanais fhisiciúla agus mhothúchána agus do riachtanais oideachasúla; agus caoinfhulaingt d'éagsúlacht daoine.

2.5 MODHEOLAÍOCHTAÍ AGUS STRAITÉISÍ

Bhain an chéad sraith eile ceistanna le modheolaíochtaí agus le straitéisí do mhúineadh ORC agus in Eitic. Iarradh ar na hoideachasóirí cé acu de na roghanna a tugadh a mheas siad ab oiriúnaí: plé uile ranga; díospóireachtaí; obair le grúpaí beaga; am ciorcail; obair bheirte; drámaíocht – rólímirt srl.; tionóil; tionscnaimh chomhtháite thraschuraclaim; am machnaimh (fealsúnacht le páistí); cluichí; cuairteanna seachtracha; anailís ar na meáin; naisc le tuismitheoirí agus leis an bpobal. Iarradh ar na freagróirí suas le cúig a roghnú de na cinn ab ábhartha.

Bhí sé níos dóichí go n-aontódh oideachasóirí nó go n-aontódh siad go láidir le modheolaíochtaí agus le straitéisí mar seo a leanas: plé uile ranga (34%), am ciorcail (24%), am machnaimh/fealsúnacht (24%) agus páirtíocht tuismitheoirí agus an phobail (23%) (féach Figiúr 2.5). Ní raibh aon difríochtaí suntasacha sna modheolaíochtaí agus sna straitéisí roghnaithe ag oideachasóirí de réir earnáil scoile ná de réir blianta taithí. Iarradh freisin orthu ar mheas siad an raibh aon mhodheolaíochtaí nó aon straitéisí eile a bheadh ábhartha do churaclam in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic. Ar an iomlán luadh líon áirithe cur chuige, ina measc: cur chuige ar bhonn fiosraithe; cás-staidéir; cainteanna; scéalaíocht; agus tionscnaimh thaighde.

FIGIÚR 2.5: DEARCTHAÍ OIDEACHASÓIRÍ I LEITH MODHEOLAÍOCHTAÍ AGUS STRAITÉISÍ CUÍ (AONTÚ GO LÁIDIR/AONTÚ)



2.6 DEISEANNA AGUS DÚSHLÁIN

2.6.1 Deiseanna

Iarradh ar na hoideachasóirí faoi na deiseanna féideartha a fhéadfadh forbairt an churaclaim nua in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic a sholáthar. D'fhreagair 34 faoin gcéad (líon=307) díobh siúd a ghlac páirt sa suirbhé an cheist seo. Chuimsigh na freagraí raon leathan réimsí, ina measc: scrúdú a dhéanamh ar éiteas na scoile (scoil an fhreagróra); cur chuige cothrom a thairiscint i leith na foghlama; tacú le huileghabhálacht; meas ar éagsúlacht a chur chun cinn; creat úsáideach don mhúinteoireacht a sholáthar; leas daltaí a chur chun cinn; scileanna luachmhara saoil a thabhairt do pháistí; tacú le cur chuige traschuraclaim; tacú le forbairt carachtair dhearfaigh i bpáistí; cur chun cinn éiteas na scoile féin agus 'sólteagasc'²⁵ a phlúchadh.

Téama léirithe sna freagraí ó gach cineál scoile (Chaitliceach, mhionchreidmheach agus idir/ilchreidmheach) ab ea an deis chun cur le huileghabhálacht i scoileanna. B'fhacthas go n-eascródh as seo tuiscint níos fearr ar na hathruithe sóisialta a tharla in Éirinn agus cur chun cinn measa ar chreidiúintí daoine eile:

A chance to make all schools more inclusive and cognisant of the plurality of modern day Ireland (Oideachasóir, idir/ilchreidmheach).

A more inclusive school environment. It is important for the holistic development of the child. It will hopefully lead to a better understanding of and respect for the beliefs of others, and their own beliefs (Oideachasóir, scoil Chaitliceach).

B'fhacthas go soláthródh an curaclam molta an deis machnamh a dhéanamh ar an gcaoi inar athraigh scoileanna agus ar an mbealach is fearr dul i ngleic le héagsúlacht sa seomra ranga. Measadh go raibh an fhéidearthacht sa churaclam nua dul i bhfeidhm ar dhaoine le tuairimí agus le creidiúintí éagsúla agus mar sin, tuiscint níos fearr ar dhaoine le cúlraí difriúla a fhorbairt:

Developing ERB and Ethics can only enhance the overall education of children, making them more tolerant of difference and informing them of the wider world in which we live. It also will provide children the opportunity to engage with opinions and beliefs that will challenge their own, leading to greater empathy and understanding of their school friends and broader community (Oideachasóir, scoil Chaitliceach).

²⁵ Ní chuirfear céatadáin ar fáil anseo toisc go bhfuil siad an-bheag i gcásanna. Pléifear treochtaí níos leithne léirithe sna freagraí ina n-ionad.

An overview of what is currently being taught in all primary schools and the opportunity to use the information to develop a more inclusive programme for all children. I see it as a great opportunity to reflect the changes in the make-up of our schools and to more readily acknowledge the diversity that is evident in every classroom (Oideachasóir, idir/ilchreidmheach).

Chonacthas freisin go bhféadfadh an curaclam cabhrú le daoine óga féinbhraistint níos fearr a fhorbairt agus a bheith feasach ar chóir shóisialta agus ar a bhfreagrachtaí mar shaoránaigh:

Opportunities to develop a sense of self and an awareness of others. To develop spiritually and morally and become aware of a sense of responsibility and social justice (Oideachasóir, mionchreidmheach).

Léiríodh in dhá fhreagra ón earnáil idir/ilchreidmheach agus ón earnáil mhionchreidmheach an cion a fhéadfadh an curaclam a dhéanamh d'athrú sóisialta níos leithne:

All schools to learn about differences and similarities between cultures present in their school and not present also. Children can share what they have learned with their families to enable an intercultural society. Families from minority groups feeling more welcome, involved and validated in schools - Children from these families having expertise from their own lives to share in school, building their confidence and allowing them to bring their prior knowledge from home to tasks of school (Oideachasóir, ilchreidmheach).

I think it provides valuable opportunities to enhance and promote an inclusive, progressive society. It also gives children the chance to think critically about these issues and consider their views and those of others (Oideachasóir, mionchreidmheach).

Shíl líon beag oideachasóirí go soláthródh an curaclam molta cur chuige uilíoch, struchtúrtha do mhúinteoirí chun páistí a theagasc faoi chreidimh agus faoi eitic: 'ERB and Ethics provides an opportunity for a more universally structured programme for the teaching about religious beliefs and ethics' (Oideachasóir, Caitliceach).

Léiríodh níos mó éagsúlachta sna dearcthaí laistigh de na hearnálacha scoile seachas idir na hearnálacha, go háirithe i scoileanna Caitliceacha. Mar shampla bhreathnaigh roinnt freagróirí ar Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic mar dheis chun éiteas a scoile féin a chur chun cinn, bhreathnaigh freagróirí eile ar fhéidearthachtaí an churaclaim cur le huileghabhálacht ina scoileanna:

It just provides more time for faith based schools to keep promoting their own ethos (Oideachasóir, Caitliceach).

It might provide an opportunity for the ethos of a school to be formalised and included in class teaching (Oideachasóir, Caitliceach).

It offers schools like my own an opportunity to be more inclusive of children whose families do not conform to the single faith ethos of the school and in so doing that ethos will become more welcoming and embracing. For too long our schools (RC) have believed that they have the monopoly on ethical education. A curriculum where ethical debate including metaphysical and spiritual debate will challenge this situation positively (Oideachasóir, Caitliceach).

Bhí an chuma ar an scéal, áfach, go raibh dearcthaí contrártha ag freagróirí ó scoileanna Caitliceacha ach go háirithe, maidir leis na deiseanna a fhéadfadh a bheith ag Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic. Nótáil oide amháin go mbeadh sé deacair an curaclam a fheidhmiú sna hearnálacha scoile ar fad, mura mbeadh gach bunscoil faoi aon phátrúnacht amháin:

Not sure. Unless all school are under one umbrella of state patronage/management, I cannot see how individual patronages will offer similar belief curriculum. Personally I believe in a National School system under one umbrella so teacher rights and children's access are the same everywhere (Oideachasóir, Caitliceach).

Bhí tuairimí an-láidir ag mionlach maidir leis na hathruithe molta do scoileanna:

At the moment it's a waste of taxpayer's money as the catholic schools will not teach it (Oideachasóir, Caitliceach).

I am disappointed that the proposed development of such a curriculum does not acknowledge that fact that the majority of primary schools in Ireland which happen to be faith based school are already inclusive in their learning experience, very much nurturing a sense of belonging to all pupils, regardless of religious and economic background as this all inclusiveness is very compatible with the Christian ethos of these schools. What do these pluralistic proposals hope to achieve? a system like in the UK where it is considered inappropriate to speak about God or one's relationship with God or Jesus Christ except if one is in a high fee paying school where families pay dearly for what is available to most families under the current education system in Ireland? (Oideachasóir, Caitliceach).

I gcásanna áirithe shíolraigh dearcthaí i gcoinne an churaclaim ón tuairim go raibh go leor de na réimsí molta clúdaithe cheana féin ag an gcuraclam reatha, agus mar sin go bhféadfadh go mbeadh ceisteanna ann faoi dhúbláil agus faoi ró-ualach curaclaim.

Bhí sé soiléir ó na freagraí nach mbíonn scoileanna i gcónaí ag brath ar mhúinteoirí chun plé a thionscnamh ar reiligiúin agus ar chórais chreidiúintí eile leis na páistí. An sagart paróiste a dhéanann seo i scoil Chaitliceach amháin: 'Broader understanding of other religions. However, in

my experience, this is already done in religion lessons. Our Parish Priest enjoys discussing other religions with the children on occasional visits to the classroom' (Caitliceach).

Ní raibh aon athrú suntasach i bpatrún na bhfreagraí maidir leis na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ag an gcuraclam molta de réir aoise, cé go raibh sé níos dóichí go ndéanadh oideachasóirí níos sine léirmheas ar an bplean chun 'Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic' a thabhairt isteach.

2.6.2 Dúshlán

Iarradh freisin ar na hoideachasóirí aon dúshlán a d'fhéadfadh a bheith ag baint le tabhairt isteach an Oideachais faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic, dar leo, a léiriú. D'fhreagair 38 faoin gcéad (lón=348) d'oideachasóirí a ghlac páirt sa suirbhé an cheist seo. Mar a luadh sa chaibidil ar mhodheolaíocht, d'fhéadfadh go raibh sé níos dóichí gurbh iad siúd le dearcthaí áirithe a ghlacadh páirt sa suirbhé agus a d'fhreagródh an cheist seo. Díreach thar a leath díobh siúd a thrácht ar dhúshlán, a dhírigh ar ró-ualach curaclaim agus ar am, mar chonstaicí a d'fhéadfadh a bheith ann d'fheidhmiú an churaclaim. Díol spéise a nótáil go ndeachaigh an doiciméad comhairliúcháin ag an CNCM, inar míníodh fíis na n-athruithe, i ngleic leis na saincheistanna seo uile. Tagraíodh do ró-ualach curaclaim, d'am agus dá n-impleachtaí thar na hearnálacha scoile ar fad:

As has already been mentioned, curriculum overload. Schools are pushed to the pins of their collars time wise in trying to get the core subjects done and done well govt. obsession with rising standards and PISA type tables. This will always seem to take precedence over the development of a harmonious, happy and creative society. I could see ERB/E integrating well into our LT programme but church schools, I would think, would have a difficulty here (Oideachasóir, idir/ilchreidmheach).

Curriculum over load; therefore, surface learning. I feel it could work well if modelled and combined with the current SPHE Curriculum OR another option would be to either reduce or eradicate the current time allocation to teaching religion in schools (Oideachasóir, mionchreidmheach).

Nótáil beagán thar an gceathrú cuid go bhféadfadh go mbeadh an Eaglais agus/nó tuismitheoirí i gcoinne an churaclaim mholta. Thagair líon beag freagróirí ó scoileanna Caitliceacha agus ó scoileanna mionchreidmheacha do cheist chomhoiriúnachta idir Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic agus clár an phátrúin agus éiteas na scoile – ceist arís a pléadh i ndoiciméad comhairliúcháin de chuid na CNCM:

How will it mix with faith based programmes especially in junior classes (Oideachasóir, Caitliceach).

Schools/ Boards of Management should be given the opportunity to use this curriculum area to meet the needs of their individual school. Each school should have the discretion to choose the aspects of the curriculum that complement their ethos. It should certainly be a menu curriculum rather than prescriptive (Oideachasóir, mionchreidmheach).

Luaigh thart ar 2 faoin gcéad oscailteacht oidí don churaclam nua freisin. Ag tagairt don fhéidearthacht go gcuirfeadh ionadaithe ó phobail reiligiúnacha agus ó earnáil an oideachais i gcoinne an churaclaim nua, mhol freagróir amháin an curaclam a dhéanamh éigeantach in earnáil na bunscoile d'fhonn aon agóidí a chloí:

A challenge will be the rigid belief systems and prejudices of some of the religious community and figures in the education sector. A solution would be to make this compulsory in the curriculum and hopefully new beliefs will be fostered and prejudices will be overcome! (Oideachasóir, Caitliceach).

Thagair líon beag de fhreagróirí (thart ar 3%) don easpa tacaíochta a bhain le feidhmiú tionscnamh úrnua eile agus bhraith siad go bhféadfadh seo feidhmiú an Oideachais faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic a chur i gcontúirt:

General lack of support in implementation of other recent initiatives is concerning here too. It's important but not a top priority for schools and teachers at the moment. We have many more pressing matters to consider (Oideachasóir, Caitliceach).

Thagair líon beag de fhreagróirí (thart ar 3%) d'ullmhú múinteoirí agus d'acmhainní:

I see challenges in it being less defined for teachers, unless there are guidelines it could become a washy subject, each section needs to be defined with clear guidelines and examples on how to teach it. Lots of resources and supports are necessary; they can then be adapted for individual classes or students (Oideachasóir, idir/ilchreidmheach).

Previous lack of curriculum on world religions/traditions. Lack of knowledge on the part of teachers may be a disadvantage. Good quality resources and training would be helpful in overcoming this (Oideachasóir, Caitliceach).

Teacher training & CPD will be essential (Oideachasóirí, mionchreidmheach).

Cé gur aithin cuid mhór freagróirí poitéinseal dearfach an churaclaim mholta, bhí roinnt freagraí, thar na trí ghrúpa a ghlac páirt sa suirbhé, cáinteach go maith faoi ábhar an churaclaim. Mheas roinnt oideachasóirí go bhféadfadh go mbeadh an clár nua i gcoimhlint le héiteas scoileanna sainchreidmheacha:

I would be very anxious that ERB would not supplant the current program offered in denominational schools which help foster the school ethos, help parents & parishes foster the pupils' faith (in some cases by sacramental formation). I believe all of the above aims are achieved to a greater extent by the current programmes. (I am more acquainted with the Catholic programme). I believe that the proposed programs may undermine the ability of schools to flourish and foster their ethos and support parents, families & children with religious convictions in the rights to have faith based schools (Oideachasóir).

Religious Education should follow the programme of the patron in each school and this programme should in no way be compromised (Oideachasóir).

Anuas air sin bhraith cuid de na freagróirí ó scoileanna Caitliceacha go raibh go leor de na haidhmeanna molta clúdaithe cheana féin i scoileanna sainchreidmheacha:

Catholic schools currently make provision for inter-religious and inter-cultural awareness in terms of their policies, ethos, leadership, the programme in religious education and across other curricular areas. It would be good to include examples of these (Oideachasóir).

Nótáil freagróirí eile go raibh na haidhmeanna molta clúdaithe cheana féin faoi réimsí ábhar eile:

I feel many of these aims are already covered through subjects like SPHE, Geography, Religion and History (Oideachasóir).

I think this is an unnecessary subject. This programme should be incorporated as part of SPHE (Oideachasóir).

Much of what is listed above already takes place in schools through the SPHE Curriculum and through various Religious programmes. Schools foster these attitudes also through their Vision and how they conduct their relationships between pupils, between pupils and staff, between staff members themselves and between the school and the community. This curriculum offers nothing new (Oideachasóir).

Again, many of the above aims are presently being achieved in SPHE programmes. World beliefs are included in the Church of Ireland Religious Education Programme. Respect is at the heart of every school (Oideachasóir).

2.7 CONCLÚIDÍ

Sa chaibidil seo cíoradh dearchtaí páirtithe leasmhara ar chomhchodanna den churaclam molta agus na deiseanna agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis. De bharr gur eascair an tuinseamh chun an curaclam a thabhairt isteach as an bhFóram ar Phátrúnacht, níor iarradh sa suirbhé ar chóir curaclam mar seo a thabhairt isteach. In ainneoin go raibh tuairimí láidre ar an ábhar ag go leor de lucht páirtíochta an tsuirbhé, thacaigh a bhformhór le haidhmeanna molta an churaclaim agus bhreathnaigh siad ar an gcuraclam nua mar dheis chun gnéithe nua a thabhairt

isteach i gcuraclam reatha na bunscoile. Bhraith roinnt eile nach bhfuil aon ghá le curaclam dá leithéid; go bhfuil an curaclam reatha ró-ualaithe cheana féin; agus go mbeadh an-chuid dúblála i gceist leis na topaicí molta agus a bhfuil á theagasc i mbunscoileanna cheana féin. Mar a bhíothas ag súil leis, bhí na dearcthaí a léiríodh scartha ar bhonn sainchreidmheach. Bhí sé níos dóichí go mbeadh oidí i scoileanna idir/ilchreidmheacha níos oscailte do theagasc faoi reiligiúin agus faoi chreidiúintí éagsúla; go n-aithneodh siad cearta daoine dearcthaí saolta a bheith acu; agus freisin go dtacódh siad le forbairt charachtair agus le cóir shóisialta. Díol spéise ab ea go raibh éagsúlacht shuntasach sna dearcthaí laistigh d'earnáil na scoileanna Caitliceacha, le roinnt oidí ag moladh teagasc reiligiúnach a bhaint de scoileanna agus cúram foirmithe creidimh a fhágáil faoi thuismitheoirí; agus roinnt eile ag moladh go gcloífí leis an gcleachtas reatha. Ar an iomlán bhraith freagróirí an tsuirbhé go mbeadh sé chun leas páistí bunscoile eolas a bheith acu faoi reiligiúin agus faoi chultúir eile; agus gur chóir a mhúineadh do pháistí óga faoi éagsúlacht agus faoi chaoinfhulaingt. Pléitear na himpleachtaí beartais ag eascairt as an bpáipéar comhairliúcháin seo sa chéad chaibidil eile.

Caibidil 3

Conclúidí agus impleachtaí do bheartas

3.1. RÉAMHRÁ

Sa bhliain 2011 bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna ag an am, An tUasal Ruairí Quinn, an Fóram ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas in Earnáil na Bunscoile trí Ghrúpa Comhairleach a bhunú a lorg aighneachtaí ó thuismitheoirí, ó phátrúin, ó mhúinteoirí agus ón bpobal níos leithne ar athruithe struchtúrtha molta in earnáil na bunscoile. Mar thoradh ar phróiseas forleathan comhairliúcháin (féach Caibidil 1 don chur síos), rinne an Fóram moltaí ar na céimeanna a fhéadfaí a ghlacadh chun go mbeadh ar chumas an chóras oideachais raon bunscoileanna a sholáthar a bheadh leordhóthanach ó thaobh lín agus éagsúlachta de chun freastal ar pháistí de gach creideamh agus iad gan chreideamh. Chinn an Fóram: ‘go bhfuil an fhreagracht ar an Stát a dheimhniú go bhfuil an ceart ag gach páiste Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic a fháil’ (Coolahan et al., 2012:111), agus i dTuarascáil an Fhórait rinneadh moltaí i líon réimsí a raibh a leanas ina measc:

- pleanáil i dtreo socruithe pátrúnachta sa todhchaí agus raon níos éagsúla de chineálacha pátrúnachta do scoileanna nua a bheith ar fáil i gceantair ina bhfuil an daonra ag méadú;
- praiticiúlacht athruithe a dhéanamh ar phátrúnacht in áiteanna ina bhfuil daonra seasmhach agus éileamh ar chineálacha éagsúla scoileanna;
- soláthar don Ghaeilge;
- cruthú scoileanna níos uileghabhálaí.

Ag eascairt as moltaí na Tuarascála, d'iarr an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) curaclam nua a fhorbairt in ORC agus in Eitic do bhunscoileanna uile na hÉireann. Chuir an CNCM tús lena próiseas forleathan comhairliúcháin féin sa bhliain 2015 le cur chuige cothram a dheimhniú d'fhorbairt an churaclaim.

Cé gurbh iad moltaí ón tuarascáil le Coolahan et al. fé ndear an tuinsimh chun an curaclam nua a thabhairt isteach, ghlac an CNCM dearcadh níos leithne agus í ag plé na ceiste: ‘cad ba chóir do pháistí, i ngach scoil i ndiaidh 2016 agus ar aghaidh, foghlaim agus cad chuige’ (CNCM, 2015:1). Tá an curaclam d'Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic dírithe ar chabhrú le páistí: ‘eolas agus tuiscint a fháil ar an oidhreacht chultúrtha a bhaineann leis na mór-reiligiúin, leis na traidisiúin chreidimh agus leis na cruinneshamlacha a shealbhaigh an cine daonna. Ní chothaíonn sé aon chreideamh ná aon chleachtas ar aon reiligiún amháin ar leith. In áit sin, díríonn sé ar chothú feasachta eolasaí ar na príomhchreidiúintí, idir chreidiúintí diagachta, aindiagachta agus saolta, chomh maith le heochairghnéithe dá léirithe cultúrtha’ (Ich 1). San áireamh in aidhmeanna oideachais eitice tá: ‘cruthú agus cothú tiomantais phearsanta do dhínit

agus do shaoirse gach duine; tábhacht cearta daonna agus freagrachtaí; áit na córa sa tsochaí; agus seirbhís ar son an leasa choitinn. Tá siad seo ar fad riachtanach in oideachas do shaorántacht agus do dhea-fheidhmiú an daonlathais. Tá foghlaim faoi eitic tábhachtach do chách, ach tá forbairt nósanna iompair eiticiúla lárnach d'fhorbairt pháistí' (lch 1).

Aithníonn an cur chuige a glacadh i bhforbairt an churaclaim nua go bhfoghlaimíonn páistí faoi reiligiún agus faoi mhoráltacht i raon de chomhthéacsanna sóisialta, (teaghlach, pobal agus scoil san áireamh). Is féidir le scoileanna tionchar a imirt ar mheonta agus ar ghníomhaíochtaí páistí trí áit thacúil, uileghabhálach a sholáthar ina bhféadfaí plé a dhéanamh faoi luachanna, faoi eitic agus faoi chórais éagsúla chreidiúna. Cé go bhfuil tábhacht le cur chuige foirmiúil sa chomhthéacs seo, d'fhéadfadh go n-imreodh idirchaidreamh le múinteoirí, le piaraí agus le baill eile de phobal scoile tionchar ar mheonta páistí chomh maith.

Is cuid de phróiseas comhairliúcháin níos leithne an doiciméad comhairliúcháin seo, próiseas a thionscain an CNCM maidir leis an gcuraclam molta d'ORC agus in Eitic. Bunaíodh an t-eolas a thugtar anseo ar níos mó ná 2000 freagra a fuarthas ar shuirbhé ar líne ó oideachasóirí, ó thuismitheoirí agus ó bhaill den phobal i gcoitinne. Go hiondúil bíonn ráta freagartha níos lú chomh maith le samplaí níos sceabhaí ag a leithéid de shuirbhéanna ar líne, ná ag suirbhéanna aghaidh ar aghaidh (féach Caibidil 1 don phlé), toisc nach roghnaítear freagróirí go randamach agus gur gnáth dóibh daoine a mhealladh a bhfuil tuairimí láidre ar thopaic an tsuirbhé acu. D'fhéadfadh gur roghnaigh daoine eile gan páirt a ghlacadh ar mhórán cúiseanna, nó b'fhéidir nach raibh siad ar an eolas faoin suirbhé. Bhí cuid de na ceisteanna sa suirbhé claonta go láidir i dtreo freagraí dearfacha agus mar sin níor tarraingíodh ar dhearcthaí níos criticiúla (seachas leis na ceisteanna oscailte). Ar an ábhar sin ní féidir ginearálú a dhéanamh ar na torthaí atá léirithe sa pháipéar seo i leith an mhórphobail. In ainneoin sin, áfach, tugtar léargas suimiúil ar bhraistintí i leith an churaclaim mholta.

Ba í aidhm an doiciméid chomhairliúcháin seo ná na ceisteanna taighde seo a leanas a fhreagairt:

- Cé chomh fada is a aontaíonn oideachasóirí, thuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne leis na haidhmeanna molta don churaclam in Oideachas faoi Reiligiún agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic?
- Cad iad na scileanna agus na meonta a mheasann oideachasóirí, thuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne a chothóidh an curaclam in Oideachas faoi Reiligiún agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic?
- Cé na modheolaíochtaí agus na cuir chuige is oiriúnaí a mheastar, chun an curaclam in Oideachas faoi Reiligiún agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic a fheidhmiú?
- Ó thaobh beartais de, cén struchtúr is ceart don churaclam nua chun go soláthródh sé do dhaltaí na scileanna agus na meonta is gá chun go mbláthódís i dtimpeallacht ina bhfuil ilchineálacht agus ilchultúrthacht ag dul i méid?

- Cad iad na dúshláin agus na deiseasna a thairgeann an curaclam molta d'earnáil na bunscoile?

3.2. PRÍOMHTHORTHAÍ

3.2.1 Aidhmeanna don churaclam

Tá an gá le níos mó tuisceana ar éagsúlacht a spreagadh i measc daltaí aibhsithe ag taighde cheana féin (Maylor et al., 2007). Is gnáth do churaclam aonchultúrtha, startha agus féiniúlachtaí an tromlaigh den daonra a léiriú. Is minic a léirítear seo i soláthar oideachais reiligiúnaigh i scoileanna státmhaoinithe. Cuireadh in iúl i gCaibidil 1 go bhfuil dlínsí ann ina mbíonn oideachas reiligiúnach éigeantach, agus dlínsí eile ina dtairgtear oideachas eitice nó oideachas luachanna mar rogha, nó tairgtear meascán den dá chur chuige. Le himeacht ama athraíodh fócas beartais i dtreo an riachtanais chun sochaithe fulangacha, comh-mheasúla a chruthú d'fhonn comhionannas agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn. Léiríonn torthaí Eorabharaiméadair (2015) go mbraitheann níos mó ná a leath den phobal aosaigh in Éirinn go bhfuil leithcheal ar bhonn bunaidh eitnigh forleathan. Ina theannta sin, mheas tromlach na n-aosach gur chóir don churaclam scoile dul i ngleic le héagsúlacht bunaidh eitnigh, le reiligiún agus creidiúintí, le héagsúlacht inscne agus le féiniúlacht (féach Caibidil 1). Mar sin, cé nach féidir torthaí an tsuirbhé chomhairliúcháin a ghinearálú i leith an daonra uile, tá siad le léamh i gcomhthéacs tacaíochta pobail do scoileanna le dul i ngleic le héagsúlacht.

Sa suirbhé de chuid na CNCM, roinn oideachasóirí, tuismitheoirí agus baill den phobal i gcoitinne a ndearcthaí i leith na n-aidhmeanna molta don churaclam d'ORC agus in Eitic. D'aontaigh mórchuid de na hoideachasóirí leis na sé aidhm mholta agus bhí sé níos dóichí go dtacódh siad go láidir le ráitis maidir le héagsúlacht dhaonna, le cearta agus freagrachtaí agus le tionchar claontachta agus leithcheala. Bhí difríochtaí sna dearcthaí de réir earnálacha scoile (Chaitliceach, mhionchreidmheach, idir/ilchreidmheach agus eile²⁶), le níos mó dóchúlachta go dtacódh siadsan ón earnáil idir/ilchreidmheach go láidir le haidhmeanna a bhainfeadh le gnéithe d'fhorbairt charachtair agus éagsúlachta. Beagnach trí cheathrú de thuismitheoirí (73%) a thacaigh go láidir le haidhmeanna bainteach le haithint leatroma, éagóra agus tionchair leithcheala; chomh maith le forbairt féinfheasachta, mhuinéine, chreidiúintí pearsanta agus le cruthú féiniúlachtaí dearfacha. Bhí sé beagán níos dóichí go dtacódh tuismitheoirí, a raibh a bpáistí i scoileanna idir/ilchreidmheacha, le haidhmeanna faoi éagsúlacht dhaonna, faoi chaidrimh le daoine eile agus faoi fhiosracht faoi reiligiúin. Tá sé tábhachtach a nótaíl, áfach, go raibh éagsúlacht i ndearcthaí freagróirí laistigh de chineálacha scoile freisin. Maraon leis na hoideachasóirí agus leis na tuismitheoirí, thacaigh baill den phobal i gcoitinne go ginearálta le haidhmeanna molta an churaclaim, go háirithe i réimsí mar thionchar leithcheala, agus chomhbhá le daoine eile. Bhí sé

²⁶ Sa chatagóir seo bhí ionadaithe aonaracha ó na hearnálacha ardoideachais agus luath-oideachais, i measc daoine eile.

níos dóichí go dtacódh baill den phobal i gcoitinne ná tuismitheoirí go láidir le haidhmeanna a bhainfeadh le meas ar chreidiúintí agus ar luachanna agus le fiosracht faoi reiligiún.

Mheas na hoideachasóirí go raibh na haidhmeanna molta leorchuimsitheach. Ar iarraidh orthu an raibh aon aidhmeanna breise a d'fhéadfaí a chur leo, bhraith thart ar 30 faoin gcéad nach raibh. San áireamh sna haidhmeanna sin a moladh ag líon beag freagróirí bhí forbairt charachtair agus luachanna moráltachta. Theastaigh ó níos mó ná a leath de na hoideachasóirí na haidhmeanna molta uile a choinneáil. Mheas níos lú ná an ceathrú cuid díobh siúd a d'fhreagair an suirbhé go raibh mórán de na haidhmeanna seo clúdaithe cheana le curaclam reatha na bunscoile. Léiríodh sna suirbhéanna go raibh na páirtithe leasmhara tacúil go ginearálta leis na haidhmeanna agus leis na tuairimí molta. Ba léir, áfach, go raibh éiginnteacht áirithe maidir le háit an churaclaim mholta sa struchtúr reatha. Bhí roinnt mhaith den tuairim, ós rud é go bhfuil mórán réimsí clúdaithe cheana le curaclam reatha na bunscoile, faoi réimsí ábhar ar leith, nó faoi shainchláir, go mbeadh dúbláil i gceist leis an gcuraclam nua ar a bhfuil ann cheana féin. Bhí deighilt ann faoi áit foirmithe creidimh agus na sacraimintí sa churaclam²⁷, le roinnt páirtithe leasmhara ag argóint ar son an *status quo*, agus roinnt eile ag tagairt do nádúr leithcheala an chleachtais reatha a thugann túsáite do reiligiún amháin.

3.2.2 Scileanna agus meonta

Iarradh ar na páirtithe leasmhara ar fad tuairim a nochtadh faoi na scileanna agus faoi na meonta cuí²⁸ ar chóir a chothú leis an gcuraclam molta. Thug na hoideachasóirí an tacaíocht ba mhó do réimsí a chuideodh le páistí déileáil le claontacht agus le leithcheal, chomh maith le hionbhá agus le feasacht chearta agus freagrachtaí a fhorbairt. Bhí na tuismitheoirí rí-thacúil do scileanna smaointeoireachta criticúla a thabhairt do pháistí, do chabhrú leo tionchar claontachta agus leithcheala a thuiscint, agus d'fhorbairt féinmheasa. Thug baill den phobal i gcoitinne tosaíocht freisin d'fhorbairt scileanna smaointeoireachta criticúla, chomh maith le forbairt ionbhá agus cheisteoireachta. Léirítear sna freagraí go raibh comhaontú idir na páirtithe leasmhara éagsúla maidir le tacú le scileanna agus le cruthú meonta sna réimsí córa sóisialta agus ionannais.

Bhí dearcthaí contrártha ag tuismitheoirí maidir leis an gcion a fhéadfadh an curaclam a dhéanamh. Bhraith an tromlach go mbeadh sé chun leasa páistí foghlaim faoi chórais éagsúla chreidiúintí agus faoin gcaoi le meas a léiriú orthu siúd gan aon chóras. Bhí beagán eile, áfach, a nótáil go raibh rogha choinsiasach déanta acu, trína bpáistí a chlárú i scoil shainchreidmheach, go bhfaighidís foirmiú creidimh. Is fiú a shoiléiriú nár ghá go gcuirfeadh cur chuige foghlama amháin

²⁷ Cé nach bhfuil foirmiú creidimh agus na sacraimintí mar chuid de churaclam na bunscoile, is gnéithe iad, áfach, de chláir na bpátrún saincheidmheach.

²⁸ Is éard atá i gceist le meonta ná nósanna smaointeoireachta agus gníomhaíochta atá deonach agus minic: “patrún iompair léirithe go minic gan chomhéigean, a chomhdhéanann nós intinne faoi smacht consiasach deonach éigin agus dírithe ar chuspóirí leathana” (Katz, 1993:16). Faightear iad, tacaítear leo, nó lagaítear iad trí eispéiris idirghníomhacha i dtimpeallacht le haosaigh agus le piaraí suntasacha (Bertram & Pascal 2002).

an cur chuige eile as an áireamh. Tá cothromaíocht ag teastáil, áfach, agus is gá dearchthaí tuismitheoirí a chur san áireamh. Bhí níos mó éagsúlachta laistigh den earnáil shainchreidmheach ná idir earnálacha.

D'fhéadfaí go gcuirfeadh an curaclam nua le réimsí cosúil le noirm shóisialta agus moráltacht; comhionannas agus caoinfhulaingt; chomh maith le cearta agus freagrachtaí. Measadh go raibh Eitic úsáideach agus chonacthas í mar ionadach maith d'fhoirmiú creidimh i scoileanna sainchreidmheacha ag roinnt tuismitheoirí. Bhí sé níos dóichí go bhfeicfeadh baill den phobal i gcoitinne an curaclam ag cur le teagasc páistí faoi reiligiúin éagsúla agus fúthu siúd gan aon chreideamh, chomh maith le cur chun cinn éagsúlachta agus caoinfhulaingthe, norm sóisialta agus smaointeoireachta criticiúla.

3.2.3 Modheolaíochtaí agus straitéisí

D'aibhsigh mórán údar an gá le curaclam agus le hoideolaíocht atá sofhreagrach go cultúrtha,²⁹ d'fhonn meas agus caoinfhulaingt a chur chun cinn. Ón bpeirspictíocht seo féachtar ar fhéiniúlachtaí cultúrtha agus sóisialta daltaí mar thairbhí seachas mar dhliteanais nó mar theorainneacha. Ní dhéantar neamhshuim de na féiniúlachtaí seo san oideachas ach feidhmíonn siad mar thrúig agus mar fhoinsé d'fhoghlaim.

Sa suirbhé lorgaíodh dearchthaí oideachasóirí ar mhodheolaíochtaí agus ar straitéisí oiriúnacha d'fheidhmiú an churaclaim mholta. De na roghanna a liostaíodh bhíodhas go háirithe i bhfabhar plé uile ranga mar chur chuige, chomh maith le ham ciorcail, le ham machnaimh (fealsúnacht), agus le naisc le tuismitheoirí agus leis an bpobal. Ní raibh aon athruithe suntasacha ar dhearchthaí freagróirí de réir cineál scoile ná blianta taithí. Chíor ceist oscailte arbh aon straitéisí eile a fhéadfaí a chur san áireamh leis an gcuraclam. Bhí an-éagsúlacht sna freagraí agus ní raibh aon mhodheolaíocht chun tosaigh ar aon cheann eile. Ina measc siúd a moladh bhí: cur chuige ar bhonn fiosraithe, cás-staidéir, cainteanna agus scéalaíocht. Is gnáth go dtacódh gníomhtheicnící teagaisc, fréamhaithe i bhfoghlaim ar bhonn fiosraithe, le rannpháirtíocht daltaí. Spreagann an cur chuige seo forbairt smaointeoireachta criticiúla, ghníomhfhoghlama agus domhain-phróiseála eolais (Minner et al. 2010).

3.2.4 Struchtúrú an churaclaim

Is gnáth d'oideachas uileghabhálach leathnú a dhéanamh ar a theagascstar sa churaclam coiteann. Dar le hEagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (EOECNA/UNESCO), uileghabhálacht is sea: 'próiseas chun dul i ngleic le agus chun freagairt d'éagsúlacht riachtanas gach foghlaimeora trí rannpháirtíocht i bhfoghlaim, i gcultúr agus i bpobail a mhéadú, agus trí

²⁹ Féach Materials on Culturally Responsive Pedagogy and Practice from National Center for Culturally Responsive Educational Systems (NCCREST). http://www.nccrest.org/professional/culturally_responsive_pedagogy-and.html

eisiamh ó agus laistigh d'oideachas a laghdú. Ciallaíonn sé athruithe ó thaobh ábhar, cur chuige, struchtúr agus straitéisí de, le comhfhís a chuimsíonn gach páiste den aoisraon cuí, agus áitiús go bhfuil an fhreagracht ar an ngnáthchóras, oideachas a chur ar gach páiste' (EOECNA, 2005). I bhfocail eile is féidir curaclam uileghabhálach a shainiú mar cheann a fhreastalaíonn ar riachtanais gach páiste sa seomra ranga. Déantar an argóint go gcruthaíonn curaclam uileghabhálach, cultúr-ábhartha oideachas níos cothroime do dhaoine óga, agus go gcabhraíonn sé le claontacht agus le leithcheal i leith pobal imeallaithe a laghdú (Sleeter, 2011).

Chíor an staidéar seo dearchthaí oideachasóirí ar oiriúnacht na gcúig shnáithe sa churaclam in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic. Ar an iomlán bhí na freagróirí báuil leis na cúig shnáithe den churaclam: tuiscint phearsanta, comhthuiscint, feasacht spioradálta, oideachas carachtair agus nasc leis an saol mór. Bhí sé níos éadóiche, áfach, go n-aontódh siad le hoiriúnacht 'feasachta spioradálta' mar shnáithe. Ag cíoradh na bhfreagraí de réir cineál scoile, léiríodh go raibh siadsan san earnáil idir/ilchreidmheach níos báúla le 'comhthuiscint' a bheith áirithe mar shnáithe den churaclam. I measc moltaí do shnáitheanna breise bhí: caoinfhulaingt chreidimh/reiligiún eile; glacadh le héagsúlacht; forbairt scileanna pearsanta mar smaointeoireacht chriticiúil; forbairt chreidimh an duine féin; cearta agus ionannas, agus eile. Rinne roinnt freagróirí argóint in aghaidh oideachas reiligiúnach a bheith san áireamh sa churaclam, cé go raibh éagsúlacht sna tuairimí seo de réir na n-earnálacha ar bhain na freagróirí leo. De bhreis air sin bhí mionlach neamhchinnte faoi 'fhorbairt charachtair' a bheith san áireamh sa chlár. Mheas líon áirithe freagróirí go raibh snáithe ar 'chomhthuiscint' ró-dhébhrioch mar go bhféadfaí míbhríonna a bhaint as, dar leo. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha i ndearchthaí na n-oideachasóirí de réir cineál scoile ná blianta taithí.

3.2.5 Deiseanna agus dúshlán

D'aithin na hoideachasóirí roinnt deiseanna féideartha leis an gcuraclam molta. San áireamh bhí: scrúdú a dhéanamh ar éiteas a scoile féin; cur chuige cothrom a thairiscint i leith na foghlama; tacú le huileghabhálacht i scoileanna; meas ar éagsúlacht a chur chun cinn; creat úsáideach don mhúinteoireacht a sholáthar; leas daltaí a chur chun cinn; scileanna luachmhara saoil a thabhairt do pháistí; tacú le cur chuige traschuraclaim; tacú le forbairt carachtair dhearfaigh i bpáistí; an deis a chur ar fáil teagasc reiligiúnach a bhaint ó scoileanna. Cé go raibh na dearchthaí thar na hearnálacha éagsúla scoile a bheag nó a mhór ar aon dul lena chéile ó thaobh na bhféidearthachtaí sa churaclam cur le réimsí a bhfuil scoileanna ag déileáil leo cheana féin, cosúil le héagsúlacht agus caoinfhulaingt, bhí difríochtaí le sonrú, áfach, sna dearchthaí faoi áit teagaisc creidimh agus faoi áit na sacraimintí i scoileanna. Mheas roinnt oideachasóirí ó scoileanna Caitliceacha agus ó scoileanna mionchreidmheacha go bhféadfadh an curaclam dúshlán a thabhairt d'éiteas a scoileanna. Bhí roinnt ann freisin, a léirigh nár mhaith leo go n-athrófaí éiteas sainchreidmheach a scoileanna, agus roinnt eile fós a thagair d'fhéidearthacht go

bhféadfadh údaráis Eaglasta, pobail chreidimh agus roinnt tuismitheoirí cur i gcoinne an churaclaim. Dar leis na hoideachasóirí gurbh iad ró-ualach curaclaim agus am an dá dhúshlán ba mhó. Bhí freagróirí buartha chomh maith faoi dhúbláil le hábhair mar OSPS, Oideachas Reiligiúnach agus réimsí eile den churaclam reatha. Is cosúil, áfach, nach ndeachaigh mórán freagróirí i ngleic leis na doiciméid chomhairliúcháin/eolais ar áit ORC agus in Eitic, inar míníodh na saincheisteanna maidir le comhoiriúnacht an churaclaim mholta agus cláir reatha na bpátrún i scoileanna de chineálacha éagsúla, agus le húsáid cuir chuige aoisoiriúnaigh chun topaicí íogaire a theagasc ar bhealach uileghabhálach. Ba rí-shoiléir go bhfuil eolas breise ag teastáil ó na páirtithe leasmhara uile maidir le feidhmiú praiticiúil an churaclaim. Is gá freisin a bheith soiléir faoin gcaoi ina gclúdaítear ábhar an churaclaim nua i réimsí éagsúla ábhar, d'fhonn aon dúbláil a sheachaint.

3.3. IMPLEACHTAÍ D'FHEIDHMIÚ OIDEACHAIS FAOI REILIGIÚIN, FAOI CHREIDIMH AGUS IN EITIC

Is áiteanna iad scoileanna ina mbíonn páistí i dteagmháil go laethúil leis an raon luachanna agus cruinneshamhlacha a mhúnlaíonn féiniúlachtaí an duine. Nótálann Milot (2007), i dtuarascáil do Chomhairle na hEorpa ar éagsúlacht reiligiúnach agus ar oideachas idirchultúrtha, go mbaineann, beag beann ar an gcomhthéacs bíodh sin saolta nó sainchreidmheach, na gnéithe céanna le scoileanna:

- ilchineálacht daltaí fiú laistigh d'aon traidisiún reiligiúnach amháin, mar is féidir le cleachtais agus creidiúintí reiligiúnacha a bheith difriúil laistigh agus idir teaghlaigh;
- is féidir le dearcthaí ar cad is ann do 'shaol fóna' a bheith difriúil i sochaithe an lae inniu, ag eascairt as dearcthaí reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha éagsúla;
- mar nach bhfágann páistí a gcuid luachanna agus áitiús lasmuigh den doras agus iad sa seomra ranga, ní féidir iarraidh orthu cuid mhór dá bhféiniúlachta a thréigean d'fhonn caidrimh a bhunú le daoine eile (ibid:22).

Ardaíonn an bealach ina ndéanann córais oideachais frámú ar fhorbairt mhorálta agus reiligiúnach pháistí saincheisteanna éagsúla do ghrúpaí mórchreidimh agus do ghrúpaí mionchreidimh, agus freisin, do ghrúpaí gan chreidimh (Tinker agus Smart, 2012).

Sa pháipéar comhairliúcháin seo pléadh roinnt gnéithe den churaclam molta. Leis an anailís a rinneadh ar na sonraí a bailíodh ó oideachasóirí, ó tuismitheoirí agus ó bhaill den phobal i gcoitinne, léiríodh go raibh tacaíocht láidir do ghnéithe den churaclam bainteach le cur chun cinn éagsúlachta, caoinfhulaingthe, córa sóisialta agus tuisceana ar thionchar leithcheala. Tagann seo le torthaí Eorabharaiméadair a mhol go n-áireofaí éagsúlacht i gceachtanna agus in ábhair scoile. Tá sé tábhachtach a nótáil nach bhfuil aon sainpheirspictíocht (Chaitliceach, mhionchreidmheach, idir/ilchreidmheach) le sonrú sna freagraí ón lucht páirtíochta. Cé go raibh difríochtaí idir na cineálacha seo scoileanna, bhí difríochtaí freisin idir freagróirí ón gcineál scoile

céanna. Formhór díobh siúd a thacaíonn le haidhmeanna agus le cur chuige an churaclaim nua mholta, i scoileanna Caitliceacha atá siad ag múineadh, go bunúsach toisc gurb amhlaidh atá formhór na n-oideachasóirí a d'fhreagair. Is léir mar sin go bhfuil an dóchúlacht ann go bhfuil idir thacadóirí agus cháinteoirí ag an gcuraclam nua i ngach catagóir de shainaicmí scoile. Ag glacadh leis go raibh na freagróirí féinroghnaithe bhí sé níos dóichí go mbeadh siad ró-ionadaíoch díobh siúd le tuairimí láidre (dearfacha nó diúltacha) agus mar sin go bhféadfadh go ndéanann na figiúirí sa tuarascáil áibhéil ar mhéid an easaontaithe/aontaithe. In ainneoin sin ardaíonn an tuarascáil saincheisteanna tábhachtacha d'fheidhmiú curaclaim.

Bhí easpa comhdhearcaidh ann maidir le conas a thiocfadh an curaclam molta le héiteas scoileanna sainchreidmheacha. Bhí an-éagsúlacht i ndearcthaí na bpáirtithe leasmhara a bhí rannpháirteach sa staidéar maidir le soláthar foirmithe creidimh agus sacraimintí i scoileanna státmhaoinithe le linn an lá scoile. Le tabhairt isteach an churaclaim nua, chonaic roinnt an deis fáil réidh ar fad le foirmiú creidimh ó scoileanna, nó ar a laghad é a aistriú taobh amuigh den lá oifigiúil scoile. Bhí roinnt eile ann a bhí buartha go bhféadfadh an curaclam nua a bheith i gcoimhlint le cláir na bpátrún i scoileanna sainchreidmheacha agus le héiteas na scoileanna seo. D'fhéadfaí a argóint go bhfuil gnéithe comónta idir an curaclam nua agus cláir áirithe pátrún a chuimsíonn ionannas agus cearta, mar sin ní gá go mbeadh aon choimhlint eatarthu, mar a nótáladh sa phlépháipéar ón CNCM (CNCM, 2015). Ina theannta sin léirigh roinnt mhaith múinteoirí ó scoileanna idir/ilchreidmheacha agus ó scoileanna sainchreidmheacha go bhfuil mórán réimsí a luadh ar na ceistneoirí á gclúdach cheana féin faoi ábhair mar OSPS, Reiligiún, nó faoi ábhair eile, nó faoi chláir eile cosúil le 'Learn Together'. Toisc gurb í aidhm an churaclaim nua déileáil le gach páiste go cothrom, ag aithint fiúntais, cúlra agus creidimh cách, ba chóir go luífeadh seo le héiteas gach cineáil scoile agus nach rud é gur ghá do pháistí scar-rogha a dhéanamh ina leith.

Ní féidir feidhm a thabhairt do churaclam i bhfolús. Ní mór leordhóthain réamhullmhúcháin a dhéanamh le múinteoirí sna réimsí seo a leanas: éagsúlacht (eitneach, reiligiúnach, shocheacnamaíoch, inscne agus eile); ionannas, cóir shóisialta, forbairt charachtair agus forbairt cuir chuige uileghabhálaigh sa scoil uile. Is féidir saineú a dhéanamh ar 'chur chuige sa scoil uile' mar chur chuige iomlánaíoch scoile a ceapadh go straitéiseach chun foghlaim, iompar agus leas daltaí a fheabhsú agus a chruthaíonn coinníollacha tacúla chuige seo (Lavis, 2015). Cuimsíonn an cur chuige gach ball de phobal na scoile, idir bhainistíocht, fhoireann, dhaltaí, thuismitheoirí agus an pobal níos leithne, agus iad uile ag obair as láimh a chéile chun braistint mhuintearais agus chomhtháthaithe a chruthú. Is cóir go n-ullmhódh a n-oiliúint tosaigh, múinteoirí óga chun oibriú i dtimpeallacht éagsúil an tseomra ranga agus chun topaicí íogaire a theagasc. Ní mór a chinntiú go gcuirtear forbairt ghairmiúil leanúnach, leordhóthanach ar fáil do gach múinteoir agus do phríomhoidí. Bhí seo ina ábhar buartha ag oideachasóirí a ghlac páirt sa suirbhé. Tá tábhacht ar leith leis an bhforbairt ghairmiúil seo sa chomhthéacs inar tháinig formhór na múinteoirí agus na

bpríomhoidí féin trí chóras nár theagasc ach fíorbheagán faoi shainábhair reiligiúin eile ná faoi chórais creidiúintí saolta dóibh.

Mar fhocal scoir, aithníonn na húdair cé go bhfuil comhdhearcadh faoi réimsí áirithe den churaclam ag na páirtithe leasmhara, is dúshlán fós é réiteach a fháil ar shaincheisteanna móra cosúil le dul i gcion ar oideachasóirí agus ar thuismitheoirí faoin ngá leis an gcuraclam nua a fheidhmiú. Agus cúlra na bpáirtithe leasmhara chomh héagsúil sin, tá an dóchúlacht ann go ngníomhódh daoine aonair nó grúpaí, i gcoinne tabhairt isteach an churaclaim nua. Is fiú a nótáil go mbaineann dúshlán le foirmiú creidimh a aistriú lasmuigh den lá scoile ó thaobh lóistíochta de, mar atá socruithe cúraim leanaí, iompras scoile agus eile. Dá leagfaí béim, áfach, ar eolas a thabhairt do na páirtithe leasmhara ar na príomhaidhmeanna faoi ionannas, faoi chóir shóisialta agus faoi chearta daonna, d'fhéadfaí scoileanna a éascú chun an curaclam molta a chomhtháthú lena n-éiteas reatha, d'fhonn cultúr scoile níos uileghabhálaí a chruthú. Agus na cuir chuige agus na snáitheanna nua á dtabhairt isteach sa churaclam reatha bunscoile, meastar go nascfaí ORC agus in Eitic le codanna den churaclam reatha chun go dtabharfaí do pháistí i ngach scoil na scileanna riachtanacha chun maireachtáil le chéile i sochaí ilchultúrtha.

- Avest, K.H. ter, D-P. Josza, T. Knauth & G. Skeie (eds.) (2009), *Dialogue and Conflict on Religion. Studies of Classroom Interaction in European Countries*. Münster: Waxmann.
- Bader, C. G., agus Desmond, S. A. (2006), "Do as I Say and as I Do: The Effects of Consistent Parental Beliefs and Behaviors upon Religious Transmission." *Sociology of Religion*, 67:313–29.
- Berkowitz, M. W. (2000), Character education as prevention (pp. 37-45). I W. B. Hansen, S. M. Giles, agus M. D. Fearnow-Kenney (Eds.), *Improving prevention effectiveness*. Greensboro, NC: Tanglewood Research.
- Bianchi, S. M. (2000). Maternal employment and time with children: dramatic change or surprising continuity? *Demography*, 37 (4), 139-154.
- Boyatzis, C.J. (2009), Examining religious and spiritual development during childhood and adolescence. I M. De Souza, L. Francis, J. O'Higgins-Norman agus D. Scott (eds.), *International handbook of education for spirituality, care and wellbeing*, Dordrecht: Springer, 51-67.
- Breen, M.J. & Reynolds, C. (2011), 'The Rise of Secularism and the Decline of Religiosity in Ireland: The Pattern of Religious Change in Europe', *The International Journal of Religion and Spirituality in Society*, Vol.1(2), p 195-212.
- Bruner, J. S. (1961). The act of discovery. *Harvard Educational Review*, 31, 21-32.
- Casanova, J. (2004), *Religion, European secular identities, and European integration*, ar fáil ar líne: <http://www.eurozine.com/articles/2004-07-29-casanova-en.html>.
- Clark, A. (2003), 'The Mosaic approach and research with young children', i V. Lewis, M. Kellet, C. Robinson, S. Fruser agus S. Ding (eds) *The reality of research with children and young people*, London: Sage Publications, pp. 157–61.
- Coolahan, J., et al. (2012) An Fóram ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas, ar fáil ar líne: <https://www.education.ie/en/Press-Events/Events/Patronage-and-Pluralism-in-the-Primary-Sector/The-Forum-on-Patronage-and-Pluralism-in-the-Primary-Sector-Report-of-the-Forums-Advisory-Group.pdf>.
- Darmody, M. and Smyth, E. (2015), When you actually talk to them...': Recognising and respecting cultural and religious diversity in Irish schools in Iseult Honohan, Nathalie Rougier (Ed.), *Tolerance and Diversity in Ireland, North and South*, Manchester University Press.
- Darmody, M., Lyons, M., Smyth, E. (2014), The Home-School Interface in Religious and Moral Formation: The Irish Case, *British Journal of Religious Education*, 1-15.
- Dillen, A. (2007), Religious participation of children as active subjects: toward a hermeneutical-communicative model of religious education in families with young children, in *International Journal of Children's Spirituality* 12, 37-49.
- Eurobarometer (2015), Special Eurobarometer 437. Discrimination in the EU in 2015. <http://ec.europa.eu/COMMFrontOffice/PublicOpinion/index.cfm/Survey/getSurveyDetail/instruments/SPECIAL/surveyKy/2077>.
- Evans, J. and Evans, M. (2008), Religion and Science: beyond the epistemological conflict narrative, *Annual Review of Sociology*, 34: 87-105.
- Davie, G. (2007), *The Sociology of Religion*. London: Sage.
- Gauthier, A. H., Smeeding, T. M. agus Furstenberg, F. (2004), "Are parents investing less time in children? Trends in selected industrialized countries." *Population and development review* 30.4, 647-672.
- Granello, D. H., Wheaton, J.E. (2004), Online data collection: Strategies for Research. *Journal of Counselling and Development* 82(4): 387-393
- Grayson, H., O'Donnell, S., Sargent, C. (2014), Education about religions and beliefs and ethics in primary education. National Foundation for Educational Research, ar fáil ar líne ag: www.ncca.ie
- Grimmitt, M. (1987), *Religious Education and Human Development: The Relationship between studying religions and personal, social and moral education*, Great Wakering Essex, McCrimmon.
- Halsall, A. and Prof Roebben, B. (2010), Religious education in multicultural societies, Literature review. Dublin: ESRI.
- Hopkins, P., Olson, E., Pain, R., agus Vincett, G., (2010), Mapping intergenerationalities: the formation of youthful religiosities. *Transactions of the Institute of British Geographers*, 36: 314-327.

- Katz, L.G. (1993), Dispositions: Definitions and implications for early childhood practices. Catalog No. 211 Perspectives from ERIC/EECE: Monograph series no. 4. Ar líne ag: <http://ceep.crc.uiuc.edu/eecearchive/books/disposit.html>
- Lapsley, D.K. (2008), Moral self-identity as the aim of education. I L. Nucci & D. Narvaez (Eds.), *Handbook of moral and character education* (pp. 30-52). New York: Routledge.
- Jackson, R. (2012), "European Developments," in *Debates in Religious Education*, ed. Philip Barnes (Oxford: Routledge), 168.
- Lavis, P. (2015), *Promoting children and young people's emotional health and wellbeing, A whole school and college approach*, Department of Public Health, 2015.
https://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/414908/Final_EHWP_draft_20_03_15.pdf.
- Maylor, U. agus Read, B. le Mendick, H., Ross, A. agus Rollock, N. (2007), Diversity and Citizenship in the Curriculum: Research Review, The Institute for Policy Studies in Education London Metropolitan University, ar fail ar líne: <http://webarchive.nationalarchives.gov.uk/20130401151715/https://www.education.gov.uk/publications/eorder/ngdownload/rr819.pdf>.
- Milot, M. (2007), 'Cooperative Learning', i Keast, J. (Ed.), *Religious diversity and intercultural education: a reference book for schools*, Council of Europe Publishing, 2007, pp. 51 -56.
- Minner, D.D., Levy, A.J. & Century, J. (2010). Inquiry-based science instruction—what is it and does it matter? Results from a research synthesis years 1984 to 2002. *Journal of Research in Science Teaching*, 47, pp 474–496
- NCCA (2015) Education about Religions and Beliefs (ERB) and Ethics in the Primary School: Consultation Paper, available online:
http://www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Early_Childhood_and_Primary_Education/Primary-Education/Primary_Developments/ERB-and-E/Developments/Consultation/Consultation-ERBE.pdf.
- Nucci, L. P. (2001), *Education in the moral domain*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Popenoe, D. (1998), *We are what we see: the family conditions for modelling values for children*, ar fail ar líne: <http://parenthood.library.wisc.edu/Popenoe/Popenoe-Modeling.html>
- Rogoff, B. (1990) *Apprenticeship in Thinking: Cognitive Development In Social Context*, New York, Oxford University Press.
- Rogoff, B. (2003) *The Cultural Nature of Child Development*, New York, Oxford University Press.
- (An) Roinn Oideachais agus Scileanna (1999), The primary school curriculum, ar fáil ar líne: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/9423dfb9-84e4-4e88-b4bd-c5973e6c586e/Introduction-to-primary-curriculum_Gaeilge.pdf
- Sleeter, C.E. (2011), *The academic and social value of ethnic studies. A research review*, 2011. <http://hin.nea.org/assets/docs/NBI-2010-3-value-of-ethnic-studies.pdf>
- Smetana, J. G. (1981), Preschool children's conceptions of moral and social rules. *Child Development*, 52, 1333-1336.
- Smyth, E. agus Darmody, M. (2010), 'Religious Diversity and Schooling in Ireland', I: M. Darmody; N. Tyrrell; S. Song (Eds), *Changing Faces of Ireland: exploring lives of immigrant and ethnic minority children*, Rotterdam: Sense.
- Smyth, E.; Lyons, M.; Darmody, M. (eds.) (2013), *Religious Education in a Multicultural Europe*, London: Palgrave Macmillan.
- Steinmetz, S., et al. (2013), "Measuring Wages Worldwide: Exploring the Potentials and Constraints." *Advancing research methods with new technologies*: 100.
- Steinmetz, S., K. Tijdens, agus P. D. Pedraza (2009), *Comparing different weighting procedures for volunteer web surveys: lessons to be learned from German and Dutch WageIndicator data*. Amsterdam: University of Amsterdam Working Paper.
- Stewart, S (2003), Casting the net: Using the internet for survey research. *British Journal of Midwifery* 11(9): 543 -546
- Tinker, C.; Smart, A., (2012), Constructions of collective Muslim identity by advocates of Muslim schools in Britain, *Ethnic and Racial Studies*, DOI:10.1080/01419870.2011.577899
- Umbach, P. D. (2004), Web surveys: Best Practice. *New Directions for Institutional Research* 2004 (121): 23-38.
- Valsiner, J. (2000). *Culture and human development: An introduction*. London: Sage.
- Wren, T. (2008), Philosophical moorings. I L. P. Nucci & D. Narvaez (Eds.), *Handbook of moral and character education* (p.11-29). New York, NY: Routledge.

Cearnóg Whitaker
Cé Sir John Rogerson,
Baile Átha Cliath 2
+353 1 863 2000
www.esri.ie
ISBN 978-0-7070-0412-9